# TODHCHAÍ an Chlocháin Léith

Straitéis Athbheochana & Plean Gníomhaíochta

**FUTURE** Dungloe | A Regeneration Strategy & Action Plan

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

GM Design Associates









## Straitéis Athbheochana agus Plean Ghníomhaíochta Lár Baile an Chlocháin Léith

Meán Fómhair 2022



Amharc ón aer ar Bhaile agus Bá an Chlocháin Léith ón iarthar.

# Clár ábhar


## Rannán A – **Tús eolais** ........ 04

An **cúlra**, an **rún** agus an **próiseas** ........ 05
An Clochán Liath agus an **limistéar staidéir** ........ 06
An **fhís** ........ 08
Na **cuspóirí** agus na **tosaíochtaí** ........ 09

## Rannán B – An **Plean Gníomhaíochta agus Dearaí Coincheapa** .... 10

**Na "Gníomhartha"** – Tábla achoimre ........ 11
**Na "Gníomhartha"** – Na "mionsonraí" ........ 11

**Téama 1**: An croílár stairiúil ........ 12
**Téama 2**: An Bá ........ 20
**Téama 3**: An Abhainn ........ 28
**Téama 4**: Na tairseacha agus na mórnaisc ........ 32

## Rannán C – **Straitéis cur chun feidhme** ........ 36

Soláthar **a chistiú agus a chumasú** ........ 37
**Freagracht** as soláthar ........ 40
**Dul chun cinn** a bhainistiú ........ 41


Tabhair faoi deara go bhfuil sé beartaithe go mbeidh an Straitéis Athbheochana agus Plean Gníomhaíochta seo uaillmhianach agus solúbtha i leith athruithe/idirghabhálacha thar an tréimhse feidhme. Ní pleananna ná dearaí atá comhaontaithe agus/nó geallta ar aon dóigh ar bith iad na gníomhartha agus an t-ábhar gaolmhar atá istigh ann. Níl sna sceitsí coincheapúla ach léaráidí ealaíontóra de na smaointe féideartha ar an chuma a d'fhéadfadh a bheith ar spásanna ar leith. D'fhéadfadh sceitsí eile a bheith cuí fosta.

# Rannán A

## Tús eolais ar an Straitéis Athbheochana agus Plean Gníomhaíochta do Lár Baile an Chlocháin Léith

# An cúlra, an rún agus an próiseas


An Straitéis Athbheochana agus Plean Ghníomhaíochta Lár Baile seo (dá ngairtear "Straitéis Athbheochana agus Plean Gníomhaíochta an Chlocháin Léith" nó "an Straitéis/an Straitéis seo" anseo ina dhiaidh seo), forbraítear raon tosaíochtaí éiritheacha athbheochana a sainaithníodh sa Phróifíl Bhonnlíne do Lár Baile an Chlocháin Leith roimhe sin i gCéim 1. Is é atá sna tosaíochtaí éiritheacha seo ná an toradh atá ar anailís chríochnúil, lenar áiríodh athbhreithniú ar staid agus feidhmiú an láir baile agus ar a chomhthéacs fisiciúil, geilleagrach agus beartais/reachtach. Bonn eolais eile a bhí faoi na tosaíochtaí éiritheacha ba ea próiseas spriocdhírithe láidir comhairliúcháin a rinneadh mar chuid de Chéim 1. Leagadh béim i gCéim 1 ar an lear sócmhainní atá ag an Chlochán Liath, lena n-áirítear a thimpeallacht tharraingteach cois farraige agus cois abhann, an tSráid Mhór measartha sláintiúil measartha beoga atá aige, a oidhreacht chultúrtha agus Ghaeltachta, a stair láidir féilte agus a láthair straitéiseach mar 'thairseach/bhunáit' chuig mórlimistéar na Rosann. Deimhníodh i gCéim 1 fosta saincheisteanna ar leith a dhéanann difear don lár baile, lena n-áirítear an ríocht phoiblí ísealchaighdeáin, an easpa spásanna poiblí, na foirgnimh fholmha agus dhearóile feadh na Sráide Móire, pobal óige a bhíonn ag laghdú agus dínasc agus teip fhoriomlán an leas is fearr a bhaint as an imeall uisce tarraingteach.

Aithnítear, dá bhrí sin, go bhfuil gá ann le hidirghabháil agus le Straitéis a bheith i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bheidh os comhair an láir baile sna blianta atá le teacht agus chun ligean leis an acmhainneacht ollmhór atá ag an áit ar dhóigh uaillmhianach, agus cur chuige réadúil inbhuanaithe á ghlacadh ag an am céanna.

Forbraíodh an Straitéis chun an athnuachan sin a bhrú chun cinn. Is treochlár é atá dírithe ar athbheochan agus ina sainaithnítear raon feabhsuithe féideartha agus forbairtí nua chun an baile a athbheochan, ar feabhsuithe agus forbairtí iad lena gcruthófar tairbhí comhshaoil, geilleagracha agus sóisialta. Tá sé mar aidhm léi fosta tairbhí breise amach anseo a spreagadh agus, ar an bhealach sin, cur le hacmhainn an láir baile chun feidhmiú go hiomaíoch mar Bhaile Straitéiseach tábhachtach agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais áitiúla mar an gcéanna.


Moltar sa Straitéis fís, cuspóirí agus tosaíochtaí a bhfuil mar aidhm leo an leas is mó a bhaint as formhór na sócmhainní agus aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a d'eascair as anailís agus próiseas comhairliúcháin Chéim 1. Luaitear inti ina dhiaidh sin na príomhghníomhartha don lár baile chun tacú le hathbheochan inbhuanaithe an bhaile suas go dtí an bhliain 2040 agus ina diaidh. Agus úsáid a bhaint as modh "na soilse tráchta", sainaithníodh tosaíochtaí tásacha, amscálaí tásacha agus bandaí costais tásacha le haghaidh gach gnímh. De réir mar ba chuí, forbraíodh roinnt de na gníomhartha chun rogha fhéideartha deartha coincheapa (nó roghanna féideartha deartha coincheapa) a shainaithint, agus na príomhphrionsabail deartha a theastaíonn á dtaispeáint, lena n-áirítear rochtain chuí, gluaiseacht, leagan amach, cineál foirgnimh agus mórdhlúthú.

Tá sé tábhachtach go n-aithneofaí go bhfuil an Straitéis solúbtha fosta agus gur féidir go dtiocfaidh athrú ar na tosaíochtaí, agus gurb amhlaidh a thiocfaidh athrú orthu dáiríre, thar thréimhse feidhme na Straitéise, agus gur féidir fosta go mbeidh sé níos cuí gníomhartha agus dearaí malartacha a úsáid chun Lár Baile an Chlocháin Léith a chur ar aghaidh.




*Próiseas Straitéis Athbheochana agus Plean Gníomhaíochta an Chlocháin Léith.*

# An Clochán Liath agus an limistéar staidéir




*An Clochán Liath i gcomhthéacs na hÉireann agus Chontae Dhún na nGall (níl an léarscáil de réir scála)*



*Lár Baile an Chlocháin Léith*
*(scála 1:5000)*

# An fhís

"Fiche bliain ón uair seo, beidh cáil ar an Chlochán Liath mar **áit tharraingteach, bheoga agus rathúil a bhaineann leas as a carachtar uathúil sóisialta agus cultúrtha agus as a saintréithe fisiciúla** agus a bhaineann tairbhe as a stádas mar **phríomhbhaile sna Rosa**.

Athnuafar an lár baile stairiúil chun áit a chruthú a bheidh **inrochtana agus nasctha**, a bheidh ina léiriú ar a sainiúlacht dhúchasach áitiúil agus a carachtar dúchasach áitiúil féin agus ina dtacófar le d**eiseanna tarraingteacha le haghaidh fostaíochta**, siopadóireachta agus cónaithe. **Leathnófar an lár baile agus beidh naisc ann idir é agus imeall an uisce**, agus beidh Limistéar an Bhá ina áit uathúil chomhaimseartha a bheidh comhdhéanta de **nithe is díol spéise/de ghníomhaíochtaí do gach cuairteoir agus do gach cónaitheoir, beag beann ar aois**.

Beidh an Clochán Liath ina áit a mbeidh b**ród ar chónaitheoirí as a bheith ina gcónaí agus ag obair ann** agus **a dtarraingeofar cuairteoirí chuige de bharr spásanna agus sráideanna atá beoite agus cuimsitheach agus comhtháite ón taobh sóisialta de** mar a dtiocfaidh rath agus bláth ar dhaoine, ar ghnólachtaí agus ar thaitneamhachtaí mar lár beatha do phobal áitiúil a bheidh athnuaite agus rathúil.

**Athbheofar an geilleagar áitiúil trí fháilte a chur roimh níos mó cuairteoirí agus níos mó cónaitheoirí nua** chuig an Chlochán Liath agus tabharfar cuireadh agus spreagadh dóibhsean, agus don phobal atá ann cheana, chun sócmhainní luachmhara agus oidhreacht uathúil an Chlocháin Léith a cheiliúradh le chéile."



# Na cuspóirí agus na tosaíochtaí

Chun an fhís sin a chomhlíonadh, beidh sé riachtanach dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar na cuspóirí straitéiseacha athbheochana agus na tosaíochtaí straitéiseacha athbheochana atá ag gach ceann de na limistéir fócais:




**Cuspóir:**
*"Áit phoiblí a bheidh comhtháite, ilfheidhmiúil agus ar ardchaighdeán a chruthú, agus béim á cur ar fheabhas a chur ar an aeistéitic, ar an éascaíocht gluaiseachta, ar na dintiúir bhithéagsúlachta, ar an acmhainneacht taitneamhachta/áineasa agus ar an ionchuimsitheacht shibhialta, agus tábhacht stairiúil agus feidhm shocheacnamaíoch na coda sin den bhaile á n-admháil agus á neartú ag an am céanna."*




**Cuspóir:**
*"Feabhas a chur ar an imeall thiar den lár baile chun áit tharraingteach, ilfheidhmiúil agus chomhaimseartha a bheidh lán d'úsáidí éagsúla a chruthú chun an leas is fearr a bhaint as talamh tearcfhorbartha folamh, agus bá Lár Baile an Chlocháin Léith a nascadh le himeall an uisce, rud lena gcruthófar baile cois farraige a bheidh uathúil agus faoi bhláth."*




**Cuspóir:**
*"Ómós áite agus athbheochan a sholáthar lena gcuirfear feabhas ar bhithéagsúlacht na habhann, lena ndéanfar tarraingteacht na habhann a chosaint agus a fheabhsú; lena gcruthófar deiseanna le haghaidh raon úsáidí agus gníomhaíochtaí; agus lena gcabhrófar leis an lár baile a nascadh ar dhóigh níos fearr leis an tsócmhainn nádúrtha thábhachtach seo a thrasnaíonn é."*




**Cuspóir:**
*"Tairseacha mealltacha a chruthú ó gach ceann de na bealaí isteach sa bhaile agus de na bealaí amach uaidh, agus feabhas a chur ar an nascacht idir an lár baile agus an tithíocht fho-uirbeach/leath-thuaithe ag imill na lonnaíochta, rud lena bhfreastalófar ar gach úsáideoir bóithre ar dhóigh níos fearr."*

# Rannán B

*"Na gníomhartha féideartha, agus iad catagóirithe faoi na téamaí agus na cuspóirí a bhfuil sé mar aidhm leo iad a chomhlíonadh, áit a bhfuil tuilleadh mionsonraí ann faoi na gníomhartha sin agus na dearaí coincheapa a ghabhann leo nuair is cuí."*

# An Plean Gníomhaíochta agus Dearaí Coincheapa

# Na "Gníomhartha" – Tábla achoimre

Déantar achoimre sa tábla in aice láimhe ar na gníomhartha féideartha sainaitheanta a bhaineann leis na téamaí forbartha. Tugtar le fios sa tábla seo cé chomh mór is atá an gníomh ag teastáil (tosaíocht), amscálaí féideartha atá dúshlánach agus réadúil le haghaidh soláthair, an costas táscach chun iad a chur i gcrích agus na geallsealbhóirí lárnacha a gcaithfí páirt a thabhairt dóibh iontu.

### Tosaíocht

Ardtosaíocht — Tá sé ri-inmhianaithe é a sholáthar a luaithe is féidir
Meántosaíocht — Tá gá níos ísle ann le hé a sholáthar a luaithe is féidir
Ísealtosaíocht — Tá an gá is ísle ann le hé a sholáthar a luaithe is féidir

### Amscála Féideartha

Gearr-amscála — laistigh de 5 bliana
Meán-amscála — idir 5 bliana agus 10 mbliana
Fad-amscála — os cionn 10 mbliana

### An Costas Táscach Féideartha

Ísealchostas — < €1m
Meánchostas — idir €1m agus €5m
Ardchostas — > €5m

### Na Geallsealbhóirí Lárnacha

**Comhairle Contae Dhún na nGall**
An Fhoireann Athnuachana agus Forbartha – Athnuachan CCDG
An Rannóg Bóithre – Bóithre CCDG
An Rannóg Tithíochta – Tithíocht CCDG
Seirbhísí Cultúrtha (Oidhreacht san áireamh) – Cultúr CCDG
An Rannóg Forbartha Pobail – Pobal CCDG
An Rannóg Forbartha Geilleagraí (Turasóireacht san áireamh) – Forbairt Gheilleagrach CCDG
An Rannóg Pleanála (Caomhantas san áireamh) – Pleanáil CCDG

**An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail** – RFTP

**Fáilte Éireann**

**Eagraíochtaí pobalbhunaithe** - lena n-áirítear Cumann Bailte Slachtmhara an Chlocháin Léith, Forbairt na Rosann, Líonra Pobail an Chlocháin Léith, etc.

**Príobháideach** - lena n-áirítear úinéirí talún, forbróirí agus daoine aonair

# Na "Gníomhartha" – Na "mionsonraí"

Tugtar ar na leathanaigh seo a leanas tuilleadh mionsonraí faoi na Gníomhartha, agus iad catagóirithe faoi na téamaí éagsúla. Cuirtear insint, íomhánna, grafaicí faisnéise agus coincheapa dearaidh ar áireamh nuair is cuí chun na gníomhartha a mhíniú. Rinneadh na coincheapa dearaidh uile a sceitseáil ar dhóigh fhiúntach toisc gur smaointe tosaigh iad, agus cuirfear faoi fhorbairt dearaidh iad de réir mar a dhéantar dul chun cinn ar an ghníomh.

| Téama | Gníomh | Tuairisc ar an Tionscadal Féideartha | Leibhéal Tosaíochta | An tAmscála Féideartha | An Costas Táscach Féideartha | Na Geallsealbhóirí Lárnacha |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | A | Tabhairt faoi shraith feabhsuithe sráid-dreacha ar an tSráid Mhór chun trácht a mhoilliú, chun a carachtar a athbhunú agus chun an timpeallacht foirgneamh stairiúil agus gnéithe stairiúla a bhreisiú trí athdhromchlú, trí thirdhreachú, trí straiteis comharthaíochta, agus trí shaoráidí agus troscán a thacaíonn le daoine scothaosta, soilse agus ealaín phoiblí, etc., a sholáthar. | Ardtosaíocht | Meán-amscála | Ardchostas | Athnuachan CCDG, Pobal CCDG, Bóithre CCDG, RFTP |
| | B | Feabhas a chur ar aeistéitic ghinearálta fhoirgnimh an láir baile agus ar an chuma ghinearálta atá orthu trí úsáid a bhaint as dearaí cuí, as mionghnéithe cuí agus as ábhair chuí. | Meántosaíocht | Gearr-amscála | Meánchostas | Athnuachan CCDG, Pobal CCDG, Príobháideach |
| | C | Carachtar agus féiniúlacht bailedhreacha an Chlocháin Léith a chothabháil agus a fheabhsú trí na samplaí is fearr den chreatlach thógtha a chaomhnú agus trí athchóiriú samhlaíoch inbhuanaithe, le linn úsáidí nua a bhaint as foirgnimh agus láithreáin atá folamh, dearóil agus as feidhm agus iad a iarfheistiú. | Meán-amscála | Meán-amscála | Meánchostas | Cultúr CCDG, Pleanáil CCDG, Athnuachan CCDG, Príobháideach |
| | D | Feabhas a chur ar an dóigh a bhfeidhmíonn an t-acomhal idir an tSráid Mhór agus Bóthar an Chairn Mhóir chun an plódú a mhaolú, chun sábháilteacht a fheabhsú, agus chun dea-thimpeallacht phoiblí a chruthú. | Ardtosaíocht | Gearr-amscála | Ísealchostas / Meánchostas | Bóithre CCDG, Athnuachan CCDG, Pleanáil CCDG |
| 2 | A | Carrchlós íochtarach an Chlocháin Léith agus an limistéar mórthimpeall a bhunathrú chun feabhais chun radhairc amach ó úsáidí nua/ó fhorbairtí tógtha nua a chur leis an spás sibhialta tábhachtach cois uisce. | Meán-amscála | Meán-amscála / Fad-amscála | Ardchostas | Pobal CCDG, Bóithre CCDG, Athnuachan CCDG, Cultúr CCDG, RFTP, Príobháideach, Eagraíochtaí pobalbhunaithe, Fáilte Éireann |
| | B | Feabhas a chur ar na naisc fhisiciúla/na bealaí idir an Croílár Stairiúil agus limistéar an Bhá. | Ardtosaíocht | Gearr-amscála / Meán-amscála | Ísealchostas / Meánchostas | Athnuachan CCDG, Bóithre CCDG, Príobháideach |
| | C | Bealach atá roghnaithe agus cuí a shainaithint le haghaidh Siúlán an Bhá a fhadú, agus an lár baile agus an Linn a nascadh. | Ísealtosaíocht | Gearr-amscála | Ísealchostas / Meánchostas | Athnuachan CCDG, Bóithre CCDG, Pobal CCDG |
| | D | Staidéar indéantachta a choimisiúnú chun imscrúdú a dhéanamh ar athnuachan fhéideartha limistéar an Phiara, agus úsáidí oiriúnacha lena mbainfear leas as an láthair iontach sin ó gcur ar áireamh. | Ísealtosaíocht | Meán-amscála | Meánchostas / Ardchostas | Pobal CCDG, Athnuachan CCDG, Príobháideach |
| 3 | A | Feabhas a chur ar Dhroichead an Chlocháin Léith agus ar an chomharsanacht chun Siúlán na hAbhann agus limistéar an Bhá a nascadh, chun éadanas a sholáthar don Abhainn agus chun an limistéar a fhecbhsú ó thaobh na haeistéitice de. | Ardtosaíocht | Meán-amscála | Meánchostas | Bóithre CCDG, Athnuachan CCDG, RFTP, Príobháideach, Eagraíochtaí pobalbhunaithe |
| | B | Saoráidí samhlaíocha nuálacha súgartha/áineasa/fóillíochta do lapadáin agus do leanaí níos óige agus níos sine a fhorbairt ag Láithreán Deise 3. | Meán-amscála | Gearr-amscála | Meánchostas | Athnuachan CCDG, Pobal CCDG, RFTP, Príobháideach, Eagraíochtaí pobalbhunaithe |
| | C | Deiseanna áineasa uiscebhunaithe ag Loch an Chlocháin Léith a fhiosrú agus sainaithint a dhéanamh ar shíneadh le Siúlán na hAbhann chun é nascadh leis an lár baile ar dhóigh níos fearr. | Ísealtosaíocht | Meán-amscála | Ísealchostas | Athnuachan CCDG, Pobal CCDG, RFTP, Príobháideach, Eagraíochtaí pobalbhunaithe, Fáilte Éireann |
| 4 | A | Comharthaíocht agus gnéithe atá nua-aimseartha, fáilteach agus comhionann a fhorbairt ag na príomhthairseacha chuig an bhaile. | Meántosaíocht | Gearr-amscála | Ísealchostas | Bóithre CCDG, Pobal CCDG, Athnuachan CCDG, Fáilte Éireann |
| | B | A chinntiú go bhfreastalófar ar riachtanais na n-úsáideoirí bóithre uile (coisithe, rothaithe, an t-iompar poiblí, agus feithiclí), gan dochar á dhéanamh dá chéile, ag Bóthar an Chairn Mhóir, Bóthar an tSéipéil, Bóthar na Cé agus Bóthar an Charbháin. | Meántosaíocht | Meán-amscála | Meánchostas / Ardchostas | Bóithre CCDG, Athnuachan CCDG |

# Téama 1

*“Áit phoiblí a bheidh comhtháite, ilfheidhmiúil agus ar ardchaighdeán a chruthú, agus béim á cur ar fheabhas a chur ar an aeistéitic, ar an éascaíocht gluaiseachta, ar na dintiúir bhithéagsúlachta, ar an acmhainneacht taitneamhachta/áineasa agus ar an ionchuimsitheacht shibhialta, agus tábhacht stairiúil agus feidhm shocheacnamaíoch na coda sin den bhaile á n-admháil agus á neartú ag an am céanna.”*

## An croílár stairiúil

# An tSráid Mhór a athchóiriú mar áit uirbeach ardchaighdeáin do chách

## GNÍOMH 1A:


*"Tabhairt faoi shraith feabhsuithe sráid-dreacha ar an tSráid Mhór chun trácht a mhoilliú, chun a carachtar a athbhunú agus chun an timpeallacht foirgneamh stairiúil agus gnéithe stairiúla a bhreisiú trí athdhromchlú, trí thírdhreachú, trí straitéis comharthaíochta, agus trí shaoráidí agus troscán a thacaíonn le daoine scothaosta, soilse agus ealaín phoiblí, etc., a sholáthar."*

Trí shráideanna fáilteacha agus áiteanna poiblí fáilteacha a chruthú, áit a dtugtar tosaíocht do choisithe agus do rothaithe agus a rialaítear luasanna feithiclí, is féidir dul chun mórthairbhe do limistéir an láir baile agus cabhrú le tairbhe a bhaint as timpeallacht phoiblí atá beoga agus deas ag an am céanna. Is féidir leis na feabhsuithe sin ar an tSráid Mhór gníomhaíocht tráchtála a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh trí inrochtaineacht níos fearr, trí fhoscadh a sholáthar, trí dheiseanna corrthrádála sráide a chruthú agus trí eispéireas níos taitneamhaí/níos speisialta a sholáthar, arb é an toradh a bheidh air ná go méadófar an líon custaiméirí, úsáid agus beogacht.

D'fhéadfadh go n-áireofaí le limistéir áirithe fócais Droichead an Chlocháin Léith, an t-acomhal idir an tSráid Mhór agus Bóthar an Chairn Mhóir, The Cope, agus 'tairseacha' a chruthú ag an tSráid Mhór Íochtarach agus ag an tSráid Mhór Uachtarach.

Ísealtosaíocht | Meán-amscála | Ardchostas

Athnuachan CCDG, Pobal CCDG , Bóithre CCDG, RFTP





*Léaráid ealaíontóra d'fheabhsuithe féideartha ríochta poiblí ar an tSráid Mhór, in aice The Cope, mar shampla (níl an léaráid de réir scála).*

**An tairseach chuig an tSráid Mhór Íochtarach** – Feabhsuithe féideartha chun an spás sin a eagrú ar dhóigh níos fearr agus chun é a dhéanamh ina phointe tairsí/teachta, á chur in iúl do gach duine (agus d'úsáideoirí feithicle go háirithe) go bhfuil siad ag dul isteach i limistéar ina mbeidh tosaíocht ag coisithe agus ag rothaithe. Is féidir é sin a dhéanamh trí choigeartuithe a dhéanamh ar leagan amach an bhóthair (an carrbhealach a chúngú); trí chomharthaíocht; trí dhromchlú; trí thírdhreachú; agus trí fheabhas a chur ar an spás/ríocht coisithe (suíochánra nua/troscán sráide nua a sholáthar). Toradh eile a bheidh air sin is ea go gcuirfear feabhas ar thimpeallacht Stáisiún na nGardaí, ar rud é ba cheart a bheith ina fhoirgneamh poiblí tábhachtach infheicthe.

**Droichead an Chlocháin Léith** – Feabhsuithe féideartha chun coisithe agus rothaithe a nascadh leis an tSráid Mhór/lár an bhaile; le Siúlán na hAbhann san oirthuaisceart; agus le limistéar an Bhá san iarthar. Ina theannta sin, deis a sholáthar le haghaidh moilliú tráchta; agus dea-spás coisithe a chruthú. (Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach Gníomh 3A)

Tá acmhainneacht ann cóireálacha dromchla den chineál céanna a úsáid ó Acomhal an Chairn Mhóir chuig Droichead an Chlocháin Léith. D'fhágfadh sé sin go mbeadh cuma chomhtháite ar an spás, a d'fhéadfaí a dhúnadh le linn tréimhsí ar leith (e.g., ócáidí/féilte), agus go n-éascófaí spás leanúnach tarraingteach ríochta

**An tAcomhal idir an tSráid Mhór agus Bóthar an Chairn Mhóir** – Feabhsuithe féideartha chun gluaiseachtaí feithiclí a dhéanamh níos sábháilte agus níos éifeachtúla, chun feabhas a chur ar an ghluaiseacht coisithe/rothaithe (trasnú sábháilte go háirithe) agus spás poiblí/ríocht phoiblí nua a chruthú agus chun feabhas a chur ar thimpeallacht na bhfoirgneamh in aice láimhe. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí Bhóthar an Chairn Mhóir a leathnú (ar ina leith a bheidh sé riachtanach an foirgneamh/na foirgnimh in aice láimhe a scartáil); agus trí ghnéithe moillithe tráchta a thabhairt isteach (soilse tráchta/tábla ardaithe/cúngú charrbhealach na Sráide Móire/dromchla malartach spallaí/teannadh na ngathanna cúinne); agus dea-chearnóg do choisithe a chruthú (Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach Gníomh 1D)




Baineann tábhacht le húsáid a bhaint as ábhair nádúrtha ardchaighdeáin (amhail clocha pábhála aolchloiche/eibhir nó colbhaí aolchloiche/eibhir, gairbhéal roisín-nasctha, a bhfuil cainéil draenála acu, etc.).



**An tAcomhal leis an Bhóthar chuig an Charrchlós** – Feabhsuithe féideartha chun feabhas a chur ar an tosaíocht do choisithe/rothaithe, agus freastal á dhéanamh go leordhóthanach ar fheithiclí, agus chun úsáideoirí a dhíriú i dtreo an chladaigh.

Spásanna comhthreomhara páirceála cairr a athchumrú agus a athdhearadh chun deiseanna a sholáthar le haghaidh crainn sráide nua; agus is é an toradh atá ar athdhromchlú a dhéanamh le hábhar atá cosúil le hábhar na gcosán ná go laghdaítear an ceannas amhairc atá ag na spásanna páirceála cairr.

An acmhainneacht chun stadanna bus lena bhfreastalaítear ar an taobh íochtarach den bhaile (ó thuaidh agus ó dheas) a lonnú láimh le Carrchlós an Chlocháin Léith/Limistéar an Bhá mar a bhfuil acmhainneacht shuntasach ann le haghaidh athbheochana agus saoráidí/bealaí nasctha nua do choisithe/rothaithe.

AN BÓTHAR CHUIG CARRCHLÓS AN CHLOCHÁIN LÉITH





An acmhainneacht chun pasáistí nua coisithe a sholáthar le taobh an fhoirgnimh a d'áitíodh Banc na hÉireann, rud lena gcruthófar deiseanna chun talamh cúil a athfhorbairt agus lena nascfar an tSráid Mhór agus an Bá.

**The Cope** – Tá acmhainneacht ann feabhsuithe a dhéanamh ar an spás in aice na n-áitreabh tráchtála gnóthach sin. Ina theannta sin, bheadh sé ina bhuntáiste dá gcuirfí feabhas ar an ríocht phoiblí ag an bhealach rochtana ón tSráid Mhór chuig The Cope tríd an tosaíocht do choisithe a fheabhsú (an spás do choisithe a leathnú/a mhéadú), trí thrasnú díreach, trí dheiseanna a sholáthar le haghaidh stopadh agus idirghníomhaíocht a dhéanamh (suíochánra, crainn sráide, etc.) agus trí spás/ghnéithe breise a sholáthar le haghaidh roinnt corrthrádála (cuasa páirceála níos leithne, pointí cumhachta?).

Má dhéantar carrbhealach na Sráide Móire a chúngú chuig an íosleithead inghlactha le haghaidh trácht dhá threo (lena gceadaítear úsáid bus), cabhrófar le luasanna feithicle a mhoilliú, le ceannas na bhfeithiclí a ghluaiseann feadh na sráide a laghdú agus le leithéid chosáin do choisithe a leathnú, rud lena bhfreastalófar ar shiúl níos réidhe, ar thírdhreachú breise agus ar an acmhainneacht chun spásanna iartheachtacha/suíochánra a sholáthar lasmuigh de na háitribh thráchtála in aice láimhe (caiféanna, etc.)

**An tairseach chuig an tSráid Mhór** – Feabhsuithe féideartha chun an spás sin a eagrú ar dhóigh níos fearr agus chun é a dhéanamh ina phointe tairsí/teachta, á chur in iúl do gach duine (agus d'úsáideoirí feithicle go háirithe) go bhfuil siad ag dul isteach i limistéar ina mbeidh tosaíocht ag coisithe agus ag rothaithe. Is féidir é sin a dhéanamh trí chomharthaíocht; trí dhromchlú; trí thírdhreachú; agus trí choigeartuithe a dhéanamh ar leagan amach an bhóthair (an carrbhealach a chúngú). Más féidir déanamh amhlaidh, beidh sé tábhachtach breithniú a dhéanamh ar an tionchar ar an acomhal sin agus ar fhoirgneamh Patrick Johnny Sally, ar foirgneamh tábhachtach oidhreachta é, a bheidh ag aon fheabhsuithe.




Timpeallacht an hiodraint uisce a choinneáil agus feabhas a chur uirthi.

An acmhainneacht trasrianta cúirtéise do choisithe a sholáthar ag acomhail (e.g., tábla ardaithe/stiall tormáin/comharthaíocht chomhionann/leanúint den dromchlú atá in úsáid ar an bhealach coisithe chun a chur in iúl go bhfuil tosaíocht ag coisithe).



Tá suíochánra a thacaíonn le daoine scothaosta le suí gach 100 m ar a laghad feadh na Sráide Móire. Is minic a shuitear limistéir shuíochánra faoi chrainn sráide nua nó in aice leo chun leas a bhaint as an fhoscadh/scáth agus chun dea-ghné amhairc a sholáthar. Tá boscaí bruscair le soláthar fosta, laistigh d'achar inghlactha.

Feabhas a chur ar shráid-dreacha stairiúla trí fhoirgnimh a athchóiriú agus a dheisiú ar bhonn spriocdhírithe stairbhunaithe.

Stadanna féideartha bus (ó thuaidh agus ó dheas) ar an tSráid Mhór Uachtarach lena bhfreastalófar ar an taobh thuaidh den bhaile, gar do The Cope, etc.

*Plean Leagan Amach Coincheapúil Ginearálta ina sainaithnítear na feabhsuithe féideartha sráid-dreacha agus leagain amach ar an tSráid Mhór (níl an léaráid seo de réir scála)*

# Feabhas a chur ar aeistéitic fhoirgnimh an láir baile

## GNÍOMH 1B:

*"Feabhas a chur ar aeistéitic ghinearálta fhoirgnimh an láir baile agus ar an chuma ghinearálta atá orthu trí úsáid a bhaint as dearaí cuí, as mionghnéithe cuí agus as ábhair chuí. "*

Le linn an chomhairliúcháin agus an athbhreithnithe ar fhoirgnimh an láir baile a rinneadh sna céimeanna tosaigh de phróiseas na Straitéise, sainaithníodh an gá le haghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a bhaineann lena n-aeistéitic agus leis an chuma ghinearálta atá orthu.

Tá céatadán mór de na foirgnimh in aon lár baile comhdhéanta d'aghaidheanna siopa. Dá bhrí sin, is féidir leis an chuma atá orthu difear mór a dhéanamh d'aeistéitic agus carachtar an bhaile. Ba cheart díriú mar phríomhaidhm ar aghaidheanna traidisiúnta Gaelacha a thabhairt ar ais, ar aghaidheanna iad a mbeidh dathanna oidhreachta mar bhailchríoch orthu agus a bheidh comhionann ó thaobh dearaidh/ábhar de. Ba cheart spreagadh a thabhairt leis an Ghaeilge a úsáid tuilleadh, ar aon dul le hoidhreacht Ghaeltachta an bhaile.

Ba cheart aire ar leith a thabhairt do phríomhfhoirgnimh a bhfuil tábhacht stairiúil agus áitiúil leo, amhail foirgneamh Bhanc na hÉireann agus foirgneamh O'Donnell. Tugtar léaráid ealaíontóra chun a thaispeáint cé na mionghnéithe a d'fhéadfaí a chur le foirgnimh chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Is féidir tionchar dearfach ar an sráid-dreach a bhaint amach trí mhionoibreacha caomhantais agus deisithe a dhéanamh ag an scála uirbeach, rud a chabhróidh le haghaidh a thabhairt ar athbheochan ar bhealach inbhuanaithe cost-éifeachtúil.

| Meántosaíocht | Gearr-amscála | Meánchostas |
|---|---|---|

Athnuachan CCDG, Pobal CCDG, Cultúr CCDG, Pleanáil CCDG, Daoine aonair/úinéirí talún príobháideacha

Ba cheart spreagadh a thabhairt le téastair fabraice chuí a úsáid toisc gur gné thraidisiúnta iad agus go bhfágann siad go mbeidh áitribh thráchtála in ann feidhmiú ar bhealach níos fearr le linn drochdhálaí aimsire.




Cé nach mbaintear úsáid astu ar bhonn forleathan a thuilleadh, bheadh sé an-tábhachtach na simléir ar fhoirgnimh na Sráide Móire a choinneáil/a aischur agus chuirfeadh sé sin go mór le haeistéitic oidhreachta na háite.

Is deise i bhfad daingneáin soilsithe oidhreachta atá ceangailte le foirgnimh ná lear colún soilsithe sráide aonair.



Ba cheart bláthchiseáin ar crochadh, bláthbhoscaí fuinneoige agus plandaí pota ar fhoirgnimh nó in aice foirgneamh a úsáid chun feabhas a chur ar an chuma atá ar an tSráid Mhór. Ba bhuntáiste é tabhairt faoi scéim amhail "An Clochán Liath faoi Bhláth" nó a comhionann.

Baineann tábhacht le húsáid a bhaint as mionghnéithe oidhreachta agus le hábhair nádúrtha ardchaighdeáin. Áirítear leo sin: slinn le haghaidh díonta; rindreáil aoil ar bhallaí; fuinneoga adhmaid sais sleamhnáin; agus doirse a bhfuil painéil adhmaid acu.

Is gné tharraingteach ar an sráid-dreach in amanna iad doirse móra péinteáilte stábla a bhfuil painéil adhmaid acu.




*Léaráid ealaíontóra de "Foirgneamh O'Donnell" athchóirithe ar an tSráid Mhór, ina dtaispeántar na gnéithe a d'fhéadfadh cabhrú le feabhas a chur ar aeistéitic ghinearálta fhoirgnimh an láir baile agus ar an chuma ghinearálta atá orthu.*

Ba cheart aghaidheanna siopa a bheith ag teacht leis an chineál thraidisiúnta Ghaelach, áit a n-úsáidfear mionghnéithe oidhreachta (tairseach, ardúch stalla, plionta, piléar balla, consól, éadan, bosca ceilte, etc.) in ábhair nádúrtha ardchaighdeáin, amhail adhmad, etc., agus dathanna oidhreachta mar bhailchríoch orthu.




Ba cheart an chomharthaíocht ar aghaidheanna siopa a bheith péinteáilte de láimh nó ba cheart bailchríoch den chineál céanna a bheith orthu, agus ba cheart spreagadh a thabhairt leis an Ghaeilge a úsáid tuilleadh.

# An carachtar bailedhreacha a chaomhnú

## GNÍOMH 1C:

*“Carachtar agus féiniúlacht bailedhreacha an Chlocháin Léith a chothabháil agus a fheabhsú trí na samplaí is fearr den chreatlach thógtha a chaomhnú agus trí athchóiriú samhlaíoch inbhuanaithe, le linn úsáidí nua a bhaint as foirgnimh agus láithreáin atá folamh, dearóil agus as feidhm agus iad a iarfheistiú.”*

Léirítear ar an léarscáil ar an leathanach seo a leanas na “láithreáin deise forbartha” mhóra atá le fáil ar an Chlochán Liath, i limistéar an Bhá agus ar chúl na Sráide Móire. Pléitear iad sin fosta i ngníomhartha eile sa Straitéis (féach Gníomhartha 2A agus 3B).

Staid a bhíonn ag athrú de shíor is ea an líon foirgneamh folamh agus dearóil ar an Chlochán Liath, faoi mar atá amhlaidh i ngach baile agus sráidbhaile eile. Is féidir le foirgnimh atá folamh, dearóil nó as feidhm difear diúltach a dhéanamh do charachtar agus féiniúlacht bailedhreacha. Dá bhrí sin, beidh idirghabhálacha samhlaíocha inbhuanaithe ag teastáil. Ní dhéanfar ach beagán idirghabhála sa chuid is mó de chásanna, áit a dtabharfar ar ais iad chuig an úsáid roimhe. Beidh láithreáin eile níos dúshlánaí, áfach, áit a mbeidh sé riachtanach tabhairt faoi scartáil agus faoi athfhorbairt. I gcás láithreáin oidhreachta tógtha, beidh sé riachtanach iad a athchóiriú go cúramach agus a athúsáid chun a gcarachtar, a láithreacht agus a rannchuidiú a chosaint. Is dúshlán in amanna é déileáil le foirgnimh a bhfuil drochbhail nó bail dhearóil orthu agus le foirgnimh atá faoi úinéireacht phríobháideach. Nuair is cuí, ba cheart breithniú a dhéanamh ar úsáid chónaithe a sholáthar ar urláir uachtaracha fholmha trí Chónaí os Cionn an tSiopa a chur chun cinn

Tá deis ann le haghaidh cur leis na tionscnaimh phobaltreoraithe agus obair i gcomhpháirt leis an phobal áitiúil, agus acmhainn á méadú trí chonraitheoirí agus ceardaithe na háite a úsáid agus athléimneacht i leith an athraithe aeráide á cinntiú i gcreatlach thógtha stairiúil an bhaile cósta seo.

Tríd an timpeallacht thógtha stairiúil a chaomhnú agus trí fhaillí agus léig mhéadaitheach a aisiompú ach tabhairt faoi roinnt de na bearta sainaitheanta, rannchuideofar le hathnuachan uirbeach ar an Chlochán Liath agus cabhrófar le beocht a chur sa chroílár stairiúil an athuair.




*Léaráid ealaíontóra d’athchóiriú féideartha an fhoirgnimh a d’áitíodh Banc na hÉireann (a tógadh thart ar an bhliain 1910), a bheadh oiriúnach do roinnt úsáidí (mar shampla, Comhar Creidmheasa, nó Ionad Sármhaitheasa Gaeilge, más féidir. De bharr láthair lárnach an fhoirgnimh, chuirfí an Ghaeilge i gcroílár an bhaile, rud lena léireofaí go soiléir cé chomh tábhachtach is atá an baile ó thaobh na Gaeltachta de agus lena dtabharfaí foirgneamh folamh álainn i mbun úsáide an athuair. Saoráid den chineál céanna is ea Cultúrlann Uí Chanáin, Doire). Dá mba rud é go n-osclófaí an bealach suas agus go bhforbrófaí na pasáistí in aice láimhe, bheadh an foirgneamh níos so-rochtana agus bheadh deiseanna ann san fhoirgneamh le húsáidí comhaimseartha breise/spásanna/síneadh comhaimseartha (e.g., caifé, etc.). (Níl an íomhá de réir scála).*




*Léarscáil ar a sainaithnítear láithreáin atá folamh, dearóil agus as feidhm laistigh de Lár Baile an Chlocháin Léith. Léirítear na mór-Dheiseanna Forbartha a sainaithníodh i bPlean Limistéir Áitiúil na Seacht mBaile Straitéiseacha 2018-2024 agus láithreáin féideartha eile ar chúl na Sráide Móire Íochtaraí a shainaithnítear sa Straitéis seo.*

# Feabhas a chur ar an acomhal idir an tSráid Mhór agus Bóthar an Chairn Mhóir

## <u>GNÍOMH 1D:</u>

### *"Feabhas a chur ar an dóigh a bhfeidhmíonn an t-acomhal idir an tSráid Mhór agus Bóthar an Chairn Mhóir chun an plódú a mhaolú, chun sábháilteacht a fheabhsú, agus chun dea-thimpeallacht phoiblí a chruthú."*


Acomhal deacair srianta is ea an t-acomhal idir an tSráid Mhór agus Bóthar an Chairn Mhóir, rud a chuireann srian ollmhór ar an saorshreabhadh tráchta timpeall chroílár an bhaile. Tá maolú an phlódaithe tráchta ar cheann amháin de na príomh-shaincheisteanna pleanála laistigh den Phlean Limistéir Áitiúil, rud ina sainaithnítear feabhsuithe a d'fhéadfaí a chur ar an acomhal idir Bóthar an Chairn Mhóir agus an tSráid Mhór chun an scéal sin a réiteach.

Léirítear sa dearadh coincheapa in aice láimhe ceann amháin de na roghanna atá ann an t-acomhal a fhorbairt chun feabhas a chur ar ghluaiseacht feithiclí agus chun tosaíocht coisithe agus gníomhaíochtaí tráchtála agus sóisialta a chur chun cinn ag an am céanna. Is é a bheadh i gceist leis an rogha seo Bóthar an Chairn Mhóir a choinneáil ina bhóthar dhá threo agus réadmhaoin atá ann cheana a bhaint. D'éascódh sé sin acomhal níos leithne, casadh níos éasca feithiclí agus trasrian coisithe. Ba cheart go gcuirfeadh an rogha seo feabhas ar shábháilteacht, rud a chabhródh le timpeallacht phoiblí níos pléisiúrtha a chruthú ag an phríomhláthair seo i lár an bhaile. D'fhéadfaí an spás poiblí nuachruthaithe a úsáid le haghaidh ócáidí agus féilte agus d'fhéadfadh sé a bheith ina phointe treoraithe do thurasóirí.

D'fhéadfadh tuilleadh tairbhí a bheith ag baint le roghanna eile, amhail córas aontreo a thabhairt isteach, go háirithe ar Bhóthar an Chairn Mhóir. Ba ghá Staidéar mionsonraithe Iompair/Tráchta a dhéanamh ar ghníomhartha den sórt sin chun na feidhmeanna/na tionchair a bheadh acu sa bhaile i gcoitinne a shuí. Beidh cur chuige comhordaithe ag teastáil i measc na ngeallsealbhóirí éagsúla, lena n-áirítear Rannóga Bóithre, Pleanála agus Athbheochana na Comhairle, nuair a bheidh aon fheabhsuithe á ndéanamh.

| Ardtosaíocht | Gearr-amscála | Ísealchostas / Meánchostas |
|---|---|---|

Bóithre CCDG, Athnuachan CCDG, Pleanáil CCDG




*Léaráid ealaíontóra de cheann amháin de na roghanna atá ann an t-acomhal idir an tSráid Mhór agus Bóthar an Chairn Mhóir a athdhearadh chun leagan amach níos sábháilte agus níos feidhmiúla agus spás poiblí nua a chruthú (níl an íomhá de réir scála).*

# Téama 2

*"Feabhas a chur ar an imeall thiar den lár baile chun áit tharraingteach, ilfheidhmiúil agus chomhaimseartha a bheidh lán d'úsáidí éagsúla a chruthú chun an leas is fearr a bhaint as talamh tearcfhorbartha folamh, agus bá Lár Baile an Chlocháin Léith a nascadh le himeall an uisce, rud lena gcruthófar baile cois farraige a bheidh uathúil agus faoi bhláth."*



## An Bá

# An carrchlós íochtarach agus an limistéar mórthimpeall a bhunathrú chun feabhais

## GNÍOMH 2A:

*"Carrchlós íochtarach an Chlocháin Léith agus an limistéar mórthimpeall a bhunathrú chun feabhais chun radhairc amach ó úsáidí nua/ó fhorbairtí tógtha nua a chur leis an spás sibhialta tábhachtach cois uisce."*


Agus an carrchlós íochtarach agus an limistéar mórthimpeall (Láithreán Deise 2 laistigh den Phlean Limistéir Áitiúil) suite inti, d'fhéadfaí úsáid níos fearr a bhaint as an láthair seo ar imeall an uisce. Mar thoradh ar an drochnascacht atá ann idir an tSráid Mhór agus imeall an uisce, baintear tearcúsáid as an charrchlós agus bíonn easpa gníomhaíochta agus beogachta agus faireachas éighníomhach ann sa limistéar mórthimpeall. Rinneadh "ró-innealtóireacht" ar an charrchlós agus ar na bóithre, a fhágann go bhfuil cuma mhítharraingteach orthu anois. Níl aon sainchomharthaí tíre ná aon ghnéithe teachta/tairsí ann ach oiread chun cabhrú le daoine a slí a dhéanamh thart nó le hómós áite a chothú.

Léirítear sna roghanna deartha coincheapa, atá leagtha amach ar na leathanaigh in aice láimhe, an chuma a d'fhéadfadh a bheith ar limistéar imeall an uisce agus an dóigh a bhféadfadh sé feidhmiú tar éis forbairt chuimsitheach a dhéanamh air, agus úsáidí/cuspóir nua á gcruthú ann.


Aithnítear go bhfuil a lán cineálacha úinéireachta agus leasanna ann sa limistéar seo agus gur féidir nach mbeifear in ann an limistéar a fhorbairt ina iomláine nó i gcéim amháin. Ba cheart aird ar leith a tharraingt ar an ghnólacht iompair agus ar The Stepping Stone atá suite ag an cheann thuaidh den láithreán. Ní mholtar sa Straitéis seo go ndéanfaí aon ghnólachtaí a dhí-áitiú, etc., agus, cé go léirítear sa choincheap an chuma a bheadh ar na láithreáin agus iad forbartha ina n-iomláine, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh leaganacha amach malartacha a bheith indéanta.

| Meán-amscála | Meán-amscála / Fad-amscála | Ardchostas |
| --- | --- | --- |

Pobal CCDG, Bóithre CCDG, Athnuachan CCDG, Cultúr CCDG, RFTP, Príobháideach, Eagraíochtaí pobalbhunaithe , Fáilte Éireann




*Plean Leagan Amach Coincheapúil Ginearálta le haghaidh ceann amháin de na roghanna atá ann an carrchlós íochtarach agus an limistéar mórthimpeall a athfhorbairt. D'fhéadfadh leaganacha amach malartacha a bheith indéanta (níl an íomhá de réir scála).*




*Léaráid ealaíontóra de cheann amháin de na roghanna atá ann an carrchlós íochtarach agus an limistéar mórthimpeall a athfhorbairt. D'fhéadfadh leaganacha amach malartacha a bheith indéanta (níl an íomhá de réir scála).*

Ballaí tarraingteacha teorann a bhfuil comharthaí comhtháite orthu, agus soithí plandaí/ suíochánra ann. Cosúil leis an sampla in aice láimhe de Deptford Market Yard, Londain





Cabhraíonn soilsiú cábla le spás níos dlúithe agus níos fáiltí a chruthú.

Tá acmhainneacht ann saoráidí poiblí a athchóiriú/a fheabhsú chun leithris, áiteanna feistis, spásanna páirceála rothar agus saoráidí deisiúchán rothar a sholáthar. Aghaidh an spáis nua teachta a dhearadh chun rochtain áisiúil agus ard-infheictheacht a éascú.

An carrbhealach a chúngú chun trácht aontreo a éascú agus chun freastal ar chóistí/busanna; agus cosáin a leathnú chun spás a sholáthar le haghaidh feitheamh agus dul thart.

D'fhéadfadh forbairt chóngarach a bheith suite os cionn an spáis teachta. Bheadh an fhorbairt sin buntáisteach toisc go gcuirfeadh sí braistint slándála agus gníomhaíochta/faireachais uile-lae leis an limistéar, mar aon leis na spásanna a fhrámáil. D'fhéadfadh go n-éireodh leis an togra gan an fhorbairt sin fosta, áfach, dá gcoinneofaí an úsáid atá ann cheana ar bun.




D'fhéadfaí aonad tráchtála/gnó bunurláir a shuí os comhair an spáis, rud lena n-éascófaí tuilleadh faireachais agus lena soláthrófaí deis le haghaidh "úsáid iartheachtach".

Chuirfeadh an tírdhreachú nua ar fud limistéar an bhá leis an bhithéagsúlacht agus chuirfeadh sé leis an chuma atá ar an ríocht phoiblí. D'fhéadfadh "féara cósta" a bheith ina ngnéithe an-tarraingteach ag an láthair cois uisce seo.

Bheadh árasáin chónaithe ar na hurláir uachtaracha an-tarraingteach do dhaoine scothaosta agus do dhaoine atá ag bogadh go teach níos lú. Bheadh siad tarraingteach lena ligean ar cíos mar árasáin saoire fosta.

D'fhéadfadh aonad tráchtála bunurláir amhail caifé nó bialann a bheith ina ghné an-tarraingteach ag an láthair chúinne seo.

*Léaráid ealaíontóra de Spás Teachta athfhorbartha in aice le Carrchlós Íochtarach an Chlocháin Léith. D'fhéadfadh socruithe malartacha a bheith cuí (níl an íomhá de réir scála)*

# Nascadh le himeall an uisce

## GNÍOMH 2B:

*“Feabhas a chur ar na naisc fhisiciúla/ na bealaí idir an Croílár Stairiúil agus limistéar an Bhá.”*

Cé go bhfuil a shuíomh tarraingteach cois uisce ar cheann amháin de na buanna is mó atá ag an Chlochán Liath, is beag caidreamh agus nasc atá ag an tSráid Mhór agus an croílár baile le limistéar an Bhá. Níl ag an Chlochán Liath cuid mhór de na saintréithe is coiteann do bhailte cósta/trá agus is drochnasctha lena chéile atá an cúpla ceann atá aige, an piara ina measc. Maidir leis na naisc atá ann idir an croílár stairiúil agus an Bá, tá siad teoranta faoi láthair agus ní chothaítear leo rochtain éasca idir an ghníomhaíocht tráchtála, shibhialta, áineasa agus shóisialta feadh na Sráide Móire agus na húsáidí agus an ghníomhaíocht ag imeall an uisce, atá teoranta ann féin.


D’fhéadfaí an gníomh thuas a bhaint amach trí fheabhas a chur ar an nasc atá ann cheana tríd an tSráid Mhór Íochtarach, lena n-áirítear cosáin leathnaithe nua a sholáthar agus an carrbhealach a chúngú, agus trí Shiúlán na hAbhann atá ann cheana a shíneadh chun bualadh agus nascadh le Siúlán an Bhá atá ann cheana. Tá acmhainneacht ann fosta dhá ‘phasáiste’ nua a thabhairt isteach, a rithfeadh ón chuid thiar den tSráid Mhór, in aice le foirgneamh Bhanc na hÉireann, chuig an tSráid Mhór Íochtarach agus ar aghaidh chuig an Bhá. Cabhair mhór ina leith sin a bheadh i sainchomharthaí tíre nua agus i gcomharthaí tarraingteacha a shuiteáil feadh na mbealaí.

Léirítear sa rogha deartha coincheapa in aice láimhe cén áit agus cén dóigh a bhféadfaí naisc fhisiciúla a bhreisiú chun feabhas a chur ar an nasc idir an Clochán Liath agus imeall an uisce.

| Ardtosaíocht | Gearr-amscála / Meán-amscála | Ísealchostas / Meánchostas |
| --- | --- | --- |

Athnuachan CCDG, Bóithre CCDG, Príobháideach

**“Cosán cois abhann”** - Tá acmhainneacht ann cosán tarraingteach nua a chruthú do choisithe agus do rothaithe, rud a rithfeadh feadh líne na habhann ar an taobh theas. D’éascódh sé sin cuid den uaillmhian atá ann Siúlán an Bhá a nascadh le Droichead an Chlocháin Léith agus le Siúlán na hAbhann agus níos faide i gcéin. Gheobhadh úsáideoirí an chosáin rochtain dhíreach ar an charrchlós phoiblí dá bharr sin fosta, rud a d’fhéadfadh siad a úsáid mar bhonnphointe agus iad ag siúl nó ag déanamh bogshodair, etc. Dá bhforbrófaí Láithreán Deise 3, agus úsáid fhéideartha áineasa/tráchtála ag baint leis, d’fhéadfaí an cosán a leathnú trí dhroichead coisithe/rothaíochta a sholáthar, trí fheabhas eile a chur ar naisc i limistéar an Bhá agus trí rochtain ar charrchlós mór a éascú arís eile d’úsáideoirí na forbartha.




**“An tSráid Mhór Íochtarach”** - Tá acmhainneacht ann feabhas a chur ar an bhealach coisithe agus feithiclí atá ann cheana idir an tSráid Mhór agus an Bá. D’fhéadfaí é sin a bhaint amach ar na slite seo a leanas: cosáin nua a sholáthar nó leithead cosán a mhéadú feadh thaobh an Tí Tábhairne agus an fhoirgnimh gnó Bus, agus an carrbhealach á chúngú a mhéid is féidir chun freastal ar thrácht aontreo (busanna/cóistí san áireamh); an bealach a athdhromchlú trí ábhair tharraingteacha nádúrtha a leagan air; comharthaíocht chomhleanúnach a sholáthar ag acomhal na Sráide Móire agus ag an charrchlós; soilsiú a shuiteáil; tírdhreachú a dhéanamh; deiseanna a thabhairt do dhaoine a scíth a ligean (suíochánra, etc.); “cearnóg/spás teachta” nua a thabhairt isteach (féach Gníomh 2A) agus cuspóir/feidhm eile a thabhairt don bhóthar; agus forbairt thógtha a sholáthar taobh thiar den tSráid Mhór chun éadanas nua a sholáthar ar an tsráid sin, rud a thabharfadh braistint formhaoirseachta/faireachais agus, ar an tslí sin, a mhéadódh beogacht agus slándáil.

**“Chuig an Phiara”** - Tá acmhainneacht ann feabhas a chur ar an bhealach coisithe agus feithiclí atá ann cheana idir an Bá agus an Piara. D’fhéadfaí é sin a dhéanamh tríd an bhealach a athdhromchlú trí ábhair tharraingteacha nádúrtha a leagan air, trí chomharthaíocht chomhleanúnach agus faisnéis faoi phointí spéise a sholáthar, trí shoilsiú a shuiteáil, trí thírdhreachú a dhéanamh agus trí dheiseanna a thabhairt do dhaoine a scíth a ligean (suíochánra, etc.).

**“Siúlán an Bhá”** - Tá acmhainneacht ann feabhas a chur ar an bhealach coisithe agus feithiclí atá ann cheana idir an Bá agus an Linn (féach Gníomh 2C).

**“Pasáistí”** - Tá acmhainneacht ann nasc “pasáiste” amháin nó dhó a chruthú do choisithe/rothaithe feadh an dá thaobh d’iarfhoirgneamh Bhanc na hÉireann. D’fhéadfadh na bristeacha 3-5 mhéadar atá ann in éadanas an fhoirgnimh rochtain den sórt sin a éascú, agus an acmhainneacht ann comharthaíocht tharraingteach, bealach áirseach agus soilsiú cuí cábla/balla a shuiteáil ann agus roinnt tírdhreachaithe a dhéanamh air (e.g., féitheacha balla, etc.). Rithfeadh na naisc sin ar aghaidh chuig an tSráid Mhór Íochtarach “Chúil” agus d’fhéadfadh aon fhorbairt nua freastal orthu. Leis na pasáistí, sholáthrófaí an deis chun éadanas nua a chur leis na foirgnimh/na láithreáin atá tadhlach, agus úsáidí amhail tithíocht eachlainne agus aonaid bheaga chónaithe/oibre ann, agus d’osclófaí suas dlúthspásanna seachtracha amhail gairdíní beorach agus caiféanna iartheachtacha, etc.

*Léarscáil/léaráid ina sainaithnítear bealaí agus gnéithe lena bhféadfaí nasc níos fearr a chruthú idir an Lár Baile agus an Bá. (níl an íomhá de réir scála).*

# “An Linn”

## GNÍOMH 2C:

### *“Bealach atá roghnaithe agus cuí a shainaithint le haghaidh Siúlán an Bhá a fhadú, agus an lár baile agus an Linn a nascadh.”*


Níl ‘an Linn’, atá suite feadh Bhóthar na Cé ar an taobh thiar theas de lár baile an Chlocháin Léith, ach ar cheann amháin de chúpla linn snámha amuigh faoin spéir feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Mar thoradh ar an ghníomh seo, sholáthrófaí nasc níos fearr idir ‘an Linn’ agus an lár baile trí Shiúlán an Bhá a shíneadh.

Sainaithnítear sa léarscáil in aice láimhe trí rogha dhifriúla le haghaidh Siúlán an Bhá a shíneadh, agus iad sa raon idir an rogha is uaillmhianaí agus an rogha is lú riosca. Cé gur roghanna uaillmhianacha costasacha iad Roghanna A agus B araon, d’fhéadfadh siad a bheith ina ngnéithe an-tarraingteach don bhaile agus tá acmhainneacht acu cuairteoirí a mhealladh agus an líon custaiméirí a mhéadú sa limistéar. Áirítear leis na roghanna sin clárchosáin a sholáthar, a thógfaí amach ón chladach agus feadh an chladaigh araon. Bheadh Rogha C ar an togra is lú uaillmhian agus ní bheadh sí chomh tarraingteach céanna do chuairteoirí. Mar sin féin, bheadh Rogha C tairbhiúil do chónaitheoirí áitiúla agus d’fhéadfaí í a sholáthar laistigh de bhuiséad réasúnta beag.



| Ísealtosaíocht | Gearr-amscála | Ísealchostas / Meánchostas |
|---|---|---|

Athnuachan CCDG, Bóithre CCDG, Pobal CCDG




*Léarscáil/léaráid ina sainaithnítear na roghanna malartacha atá ann nasc níos fearr a chruthú idir an Lár Baile agus “an Linn”. (níl an íomhá de réir scála).*

# Limistéar an Phiara

## GNÍOMH 2D:

*"Staidéar indéantachta a choimisiúnú chun imscrúdú a dhéanamh ar athnuachan fhéideartha limistéar an Phiara, agus úsáidí oiriúnacha lena mbainfear leas as an láthair iontach sin á gcur ar áireamh.."*

Cé go bhfuil sé suite lasmuigh den lár baile agus lasmuigh de theorainn an limistéir staidéir, aithnítear sa Straitéis go bhfuil acmhainneacht shuntasach ag baint leis an Phiara a athfhorbairt agus go rachadh sé sin chun mórthairbhe do gheilleagar an bhaile agus dá stádas mar cheann scríbe. Cé go bhfuil sár-radhairc ar an Atlantach le fáil uaidh, ní bhaineann an Piara leas as a chuid buanna faoi láthair. Tá an ríocht phoiblí ag an Phiara measartha caite, tá rochtain theoranta uirthi agus baintear tearcúsáid as an dá fhoirgneamh cloiche atá ann cheana ar an láithreán.

D'fhéadfaí áit tharraingteach a dhéanamh de limistéar an Phiara trí fheabhas a chur ar an bhealach coisithe agus rothaíochta idir an Piara agus an lár baile, trí na foirgnimh chloiche atá ann cheana a athúsáid/a athchóiriú chun críocha turasóireachta/tráchtála nó chun críocha oiriúnacha eile agus trí fheabhas a chur ar rochtain feithiclí/páirceáil.

Cé go mbeadh sé seo measartha uaillmhianach agus go mbeadh idirghabháil shuntasach innealtóireachta agus costas suntasach airgeadais ag baint leis, d'fhéadfadh an turasóireacht agus an geilleagar tairbhe a bhaint as Muiríne a fhorbairt ag an láthair seo. Tá sé tábhachtach, áfach, go ndéanfaí athbhreithniú ar an tionchar comhshaoil agus go maolófaí an tionchar sin nuair is gá. Léirítear ar na roghanna coincheapa in aice láimhe conas a d'fhéadfaí an láithreán a athnuachan. Mar sin féin, ba cheart staidéar indéantachta críochnúil a choimisiúnú chun athnuachan fhéideartha an limistéir sin a imscrúdú go hiomlán.

Ísealtosaíocht | Meán-amscála | Meánchostas / Ardchostas

Pobal CCDG, Athnuachan CCDG, Príobháideach


Na foirgnimh/an leagan amach atá ann cheana a athúsáid chun deiseanna itheacháin/caifé agus saoráidí poiblí a sholáthar


Deis le haghaidh spás beag muiríne


Clárchosáin agus feabhsuithe tírdhreachaithe






Deis picnice/ itheacháin amuigh faoin spéir


Deis le haghaidh saoráidí spóirt uisce a chruthú/a bhreisiú


*Colláis d'fheabhsuithe ar limistéar an Phiara*

*Léaráid ealaíontóra de cheann amháin de na roghanna atá ann Limistéar an Phiara a athfhorbairt. D'fhéadfadh leaganacha amach malartacha a bheith indéanta (níl an íomhá de réir scála).*

**Óstán an Waterfront** - Ba cheart go gcuirfeadh athfhorbairt limistéar an Phiara feabhas ar shuíomh an Óstáin, go méadódh sí an líon custaiméirí sa limistéar seo agus go n-éascódh sí bealach tarraingteach coisithe agus rothaíochta idir an Bá agus an Lár Baile.

D'fhéadfaí na foirgnimh chloiche atá ann cheana a athúsáid/a athchóiriú chun críocha turasóireachta/tráchtála (mol spóirt uisce/caifé, etc.) nó chun críocha a d'fhéadfadh an Mhuiríne fhéideartha a chomhlánú (oifigí agus spásanna riaracháin/stórála/cothabhála, etc.). D'fhéadfadh deis a bheith ann fosta foirgnimh nua a chruthú trí shíneadh comhaimseartha a chur leis na foirgnimh atá ann cheana i limistéar an Phiara.

Deis le haghaidh spás/spásanna muiríne. Bheadh an togra seo uaillmhianach agus bheadh idirghabháil shuntasach innealtóireachta agus bearta suntasacha ag teastáil chun maolú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh aige ar an timpeallacht nádúrtha. Mar sin féin, rachadh an togra chun mórthairbhe do gheilleagar an bhaile agus dá stádas mar cheann scríbe, a fhágann gur fiú oiriúnacht agus indéantacht an togra a imscrúdú tuilleadh.




D'fhéadfaí feabhas a chur ar an rochtain feithiclí atá ann cheana trí bhóithre a leathnú agus trí infheictheacht a fheabhsú.

D'fhéadfaí feabhas a chur ar an bhealach coisithe agus rothaíochta idir an Piara agus an lár baile tríd an leagan amach a athshlamhlú chun tosaíocht a thabhairt do choisithe/rothaithe ar an bhealach ísealtráchta (feithiclí) seo, trí chomharthaíocht chomhleanúnach a sholáthar, trí limistéir scíthe (suíochánra) a sholáthar, trí thírdhreachú a dhéanamh agus trí shoilsiú a shuiteáil, etc.

Láthair fhéideartha le haghaidh "óstán snámha" do thurasóirí. D'fhéadfaí an t-óstán snámha a nascadh le hÓstán an Waterfront, atá suite in aice láimhe.

Faighneoga óstán snámha ag Milford, an Bhreatain Bheag

D'fhéadfadh acmhainneacht a bheith ann láthair faisnéise nua nó "Treochomharthaíocht" "Shlí an Atlantaigh Fhiáin" a lonnú ar an Phiara!

*Léaráid ealaíontóra de rogha mhalartach fhéideartha laistigh de limistéar 'Murlaigh'*

# Téama 3



*"Ómós áite agus athbheochan a sholáthar lena gcuirfear feabhas ar bhithéagsúlacht na habhann, lena ndéanfar tarraingteacht na habhann a chosaint agus a fheabhsú; lena gcruthófar deiseanna le haghaidh raon úsáidí agus gníomhaíochtaí; agus lena gcabhrófar leis an lár baile a nascadh ar dhóigh níos fearr leis an tsócmhainn nádúrtha thábhachtach seo a thrasnaíonn é."*

## An Abhainn

# Feabhas a chur ar Dhroichead an Chlocháin Léith

## GNÍOMH 3A:


*“Feabhas a chur ar Dhroichead an Chlocháin Léith agus ar an chomharsanacht chun Siúlán na hAbhann agus limistéar an Bhá a nascadh, chun éadanas a sholáthar don Abhainn agus chun an limistéar a fheabhsú ó thaobh na haeistéitice de.”*

Cé go bhfuil Droichead an Chlocháin Léith, atá suite feadh na Sráide Móire ar an taobh thuaidh den lár baile, ar cheann amháin de na príomhghnéithe oidhreachta den bhaile, ní thairgeann sé faoi láthair luach aeistéitiúil ná feidhm atá i gcoibhneas leis an acmhainneacht ollmhór atá aige. San am i láthair, níl aon trébhealach poiblí ann ar cheachtar taobh den tSráid Mhór agus tá an trasrian coisithe ar dhroch-chaighdeán agus neamhshábháilte. Ní dhéantar an oiread sin cur chun cinn ar ghnéithe bithéagsúlachta nó tírdhreacha ach oiread. Teipeann ar na foirgnimh atá suite díreach cóngarach don abhainn éadanas gníomhach a sholáthar, agus rannchuidiú fíorbheag á dhéanamh acu leis an timpeallacht thógtha cois abhann dá bharr sin.

Rinne Coiste Bailte Slachtmhara an Chlocháin Léith rogha deartha choincheapa a fhorbairt roimhe seo chun a thaispeáint cén dóigh a bhféadfaí feabhas a chur ar an droichead agus ar an chomharsanacht. Is ionann an íomhá in aice láimhe agus léiriú an Staidéir seo ar an choincheap sin. Beidh sé riachtanach rochtain/rialú a ghnóthú ar thalamh atá faoi úinéireacht phríobháideach ar cheachtar taobh den abhainn chun Siúlán na hAbhann a chríochnú. Teastóidh ón obair sin smaointeoireacht chomhleanúnach idir na gníomhaireachtaí agus na geallsealbhóirí ábhartha uile chun a chinntiú gur féidir an togra corraitheach seo a bhaint amach.

Ardtosaíocht | Meán-amscála | Meánchostas

Bóithre CCDG, Athnuachan CCDG, RFTP, Príobháideach, Eagraíochtaí pobalbhunaithe




*Léaráid ealaíontóra de cheann amháin de na roghanna atá ann Limistéar Droichid an Chlocháin Léith a athshamhlú. D’fhéadfadh leaganacha amach malartacha a bheith indéanta (níl an íomhá de réir scála). Tabhair faoi deara gur chuir Coiste Bailte Slachtmhara an Chlocháin Léith agus Ailtire an Choiste an dearadh coincheapúil bunaidh don togra corraitheach seo le chéile trí Chomórtas Deartha de chuid Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann. Tá an coincheap a tháinig as an obair sin le moladh go hard agus is togra an-chuí é a bhfuil nasc agus caidreamh láidir aige leis an áit. Chuirfeadh sé feabhas mór ar an spás agus threiseodh sé an tábhacht a bhaineann leis an ghné seo laistigh den bhaile.*

# Saoráidí feabhsaithe súgartha/áineasa a sholáthar

## GNÍOMH 3B:

### *“Saoráidí samhlaíocha nuálacha súgartha/ áineasa/ fóillíochta do lapadáin agus do leanaí níos óige agus níos sine a fhorbairt ag Láithreán Deise 3.”*


Tá an láithreán folamh cois abhann seo ina bhfuil 0.62 heicteár sainaitheanta mar dheis forbartha laistigh den Phlean Limistéir Áitiúil. Tá cuid mhór den láithreán suite laistigh de Chrios Tuile A, mar atá sainaitheanta sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Straitéiseach Riosca Tuile Chéim 2. Fágann sé sin gur cheart an treoir ghaolmhar ábhartha agus tosca maolaitheacha a chur san áireamh in aon tograí forbartha. Mar aon leis na saincheisteanna tuile atá luaite, tá srianta rochtana láithreáin ann ar an dáileacht seo. Bunaithe ar an stair imscrúdaithe/pleanála roimhe seo, is cosúil nach bhfuil an láithreán oiriúnach d’fhorbairt tithíochta. D’fhéadfaí úsáidí talún nach bhfuil chomh leochaileach céanna, amhail gníomhaíocht tráchtála agus/nó úsáidí atá ‘comhoiriúnach le huisce’, amhail áineas, taitneamhacht, fóillíocht, etc., a bhreithniú, áfach, ar choinníoll go gcuirfear maolú cuí ar áireamh chun cosaint a thabhairt ar thuile. Beidh sé riachtanach aird a thabhairt ar na saincheisteanna rochtana fosta.

Soláthraíodh an rogha deartha coincheapa in aice láimhe chun a léiriú cén dóigh a bhféadfaí saoráid nó páirc súgartha/áineasa a sholáthar ag an láthair seo. Soláthraítear leis an choincheap seo rochtain coisithe ar an láithreán trí ‘Shiúlán na hAbhann’ a shíneadh, áit a soláthraítear rochtain dhíreach ar spásanna páirceála feithiclí ag an charrchlós atá ann cheana fosta. Beidh sé riachtanach úsáid den sórt sin a dhearadh go cúramach chun torann/príobháideacht a mhaolú mar gheall ar úsáidí comharsanacha. Gné ríthábhachtach de sin agus de chomhtháthú amhairc a bheadh i dtírdhreachú nua/coinnithe. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach mór measúnacht riosca tuile atá sonrach don láithreán a bheith ag gabháil le haon tograí amach anseo le haghaidh forbairt laistigh den láithreán seo.

| Meán-amscála | Gearr-amscála | Meán-amscála |
| --- | --- | --- |


Athnuachan CCDG, Pobal CCDG, RFTP, Príobháideach, Eagraíochtaí pobalbhunaithe

Tá féidearthacht ann roinnt forbartha tógtha a chur i gcrích sa limistéar seo (faoi réir cead pleanála, etc., a fháil agus faoi réir maolú a dhéanamh ar dhúshláin fhéideartha, amhail riosca tuile, rochtain, etc.). D’fhéadfadh na húsáidí a bheith ag teacht le haon fhorbairt áineasa/súgartha (mar shampla, bogshúgradh laistigh, caifé, leithris, etc.) nó le roinnt úsáidí tráchtála.


Spás súgartha agus caife ag Páirc Brooke, Doire

D’fhéadfaí gairdín céadfaí a shuí áit éigin laistigh den spás. B’fhiú a leithéid a shuí ag imeall na habhann. Tá gairdín céadfaí ann ar an Chlochán Liath cheana féin, agus é suite in aice leis na saoráidí pobail ar an chuid theas den bhaile. D’fhéadfadh an gairdín seo a bheith ina ghné bhreise nó mhalartach, áfach.






Chuig Droichead an Chlocháin Léith.

Chuig Siúlán an Bhá

Tá deis ann droichead coisithe/ rothaíochta nua a sholáthar, rud a chruthódh nasc níos fearr idir an láithreán agus an cosán cois abhann/ Siúlán an Bhá agus, ar deireadh, idir an láithreán agus Limistéar athbheoite féideartha an Bhá agus an tSráid Mhór agus níos faide i gcéin. A bhuí le suíomh an droichid, soláthraítear rochtain d’úsáideoirí an láithreáin ar an charrchlós atá ann cheana, rud a mbaintear tearcúsáid as faoi láthair.



Chuig Limistéar athfhorbartha/ athbheoite féideartha an Bhá.

Tá acmhainneacht ann roinnt saoráidí súgartha an-uathúil an-samhlaíoch a sholáthar, go háirithe do leanaí níos sine (scátáil, ballaí dreapadóireachta, téadsiúláin, etc.).





# Feabhas a chur ar naisc leis an Loch

## GNÍOMH 3C:

### *“Deiseanna áineasa uiscebhunaithe ag Loch an Chlocháin Léith a fhiosrú agus sainaithint a dhéanamh ar shíneadh le Siúlán na hAbhann chun é nascadh leis an lár baile ar dhóigh níos fearr.”*

Lochán fionnuisce ina bhfuil thart ar 120 acra is ea Loch an Chlocháin Léith, atá suite thart ar 1 chiliméadar soir ón bhaile. Tá dea-rochtain dhíreach ann ar an loch, áit ar féidir leas a bhaint as an lamairne chun gabháil do ghníomhaíochtaí uiscebhunaithe. Beag beann ar a inrochtana atá sé, tá dínasc ann go fóill idir an loch agus lár baile an Chlocháin Léith. D’fhéadfadh an baile mórthairbhe fostaíochta agus gheilleagrach a bhaint as deiseanna áineasa uiscebhunaithe a iniúchadh agus as sainaithint a dhéanamh ar shíneadh cuí le Siúlán na hAbhann ar mhaithe le nasc níos fearr a chruthú idir an loch agus an lár baile. Ní mór an méid sin a bhaint amach ar shlí inbhuanaithe, agus meas iomlán á thabhairt ar thimpeallacht nádúrtha an locha, ar an timpeallacht mórthimpeall, ar na comharsana atá ann cheana agus ar na húsáidí/gníomhaíochtaí atá ann cheana (e.g., slatiascaireacht, etc.).

Léirítear sa léarscáil in aice láimhe go bhfuil acmhainneacht ann Siúlán na hAbhann a shíneadh an tslí ar fad chuig an loch agus ar ais chuig Bóthar an Chairn Mhóir. Mar chuid den obair sin, d’fhéadfaí feabhsuithe a dhéanamh agus cosán agus bealach rothaíochta leanúnach a sholáthar feadh Bhóthar an Chairn Mhóir agus feadh cuid bhreise níos faide soir de Bhóthar an Chairn Mhóir. D’éascódh sé sin siúlán lúibe níos sábháilte agus níos áisiúla agus bheadh sé ina shócmhainn áineasa iontach don Chlochán Liath, mar aon leis an líon mhéadaithe gníomhaíochtaí agus úsáidí uiscebhunaithe ag an loch, amhail páirc uisce.

| Ísealtosaíocht | Meán-amscála | Ísealchostas |
|---|---|---|

Athnuachan CCDG, Pobal CCDG, RFTP, Príobháideach, Eagraíochtaí pobalbhunaithe, Fáilte Éireann




*Léarscáil ina sainaithnítear an fhéidearthacht atá ann Siúlán na hAbhann a shíneadh soir chun an lár baile agus Loch an Chlocháin Léith a nascadh lena chéile agus ina léirítear roinnt úsáidí a d’fhéadfaí a bhaint as an Loch.*

# Téama 4



*"Tairseacha mealltacha a chruthú ó gach ceann de na bealaí isteach sa bhaile agus de na bealaí amach uaidh, agus feabhas a chur ar an nascacht idir an lár baile agus an tithíocht fho-uirbeach/leath-thuaithe ag imill na lonnaíochta, rud lena bhfreastalófar ar gach úsáideoir bóithre ar dhóigh níos fearr."*

## Na tairseacha agus na mórnaisc

# Na tairseacha agus comharthaíocht

## GNÍOMH 4A:

*"Comharthaíocht agus gnéithe atá nua-aimseartha, fáilteach agus comhionann a fhorbairt ag na príomhthairseacha chuig an bhaile."*

Tá an Clochán Liath thíos le comharthaíocht atá neamhchomhordaithe agus measartha trangláilte ar fud an bhaile, rud a rinne dochar do charachtar an tsráid-dreacha le blianta beaga anuas. Rud sonrach ina leith sin is ea an easpa aontachta/comhleanúnachais atá ann ar na comharthaí agus/nó na gnéithe "fáilte" ag na príomhthairseacha chuig an bhaile. Ina theannta sin, bhainfeadh sócmhainní amhail imeall an uisce, an Ghaeltacht, Abhainn agus Loch an Chlocháin Léith agus gaireacht an bhaile do Chósta an Atlantaigh, lena n-áirítear suíomh an bhaile feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin, tairbhe as cur chuige comhleanúnach saincheaptha a ghlacadh i leith comharthaíochta/treochomharthaíochta.

Trí chomharthaíocht agus gnéithe atá nua-aimseartha, fáilteach agus comhionann a fhorbairt, go háirithe ag imill an bhaile agus ag na príomhthairseacha chuig an bhaile, is féidir cabhrú le braistint teachta a chruthú, le sócmhainní tábhachtacha agus nithe is díol spéise a chur chun cinn agus le féiniúlacht an Chlocháin Léith a chur in iúl do gach duine a thagann chuig an bhaile. Ba cheart na comharthaí uile a bheith dátheangach (i nGaeilge agus i mBéarla) agus d'fhéadfadh gurbh fhiú tuilleadh comhairliúcháin/plé a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfaí an Ghaeilge a chur chun cinn ar shlí níos fearr.

Ba cheart tuilleadh deiseanna comharthaíochta a iniúchadh fosta, lena n-áirítear an acmhainneacht atá ann an Clochán Liath a chur chun cinn mar bhaile féile.

| Meántosaíocht | Gearr-amscála | Ísealchostas |
|---|---|---|

Bóithre CCDG, Pobal CCDG, Athnuachan CCDG, Fáilte Éireann




*Léarscáil ina léirítear na príomhthairseacha chuig an bhaile agus ina sainaithnítear fadhbanna agus feabhsuithe féideartha (níl an léarscáil de réir scála).*

# Na bóithre isteach chuig an lár baile agus amach as

## GNÍOMH 4B:

*"A chinntiú go bhfreastalófar ar riachtanais na n-úsáideoirí bóithre uile (coisithe, rothaithe, an t-iompar poiblí, agus feithiclí), gan dochar á dhéanamh dá chéile, ag Bóthar an Chairn Mhóir, Bóthar an tSéipéil, Bóthar na Cé agus Bóthar an Charbháin."*

Is ar Shráid Mhór thraidisiúnta líneach an bhaile a bhíonn na leibhéil is airde tráchta de ghnáth. Ritheann sráideanna/bóithre tánaisteacha eile ("sráideanna/bóithre friothálacha") soir-siar agus go hingearach leis an tSráid Mhór, agus iad ag nascadh an láir baile le tithíocht agus seirbhísí eile agus leis an chúlchríoch thuaithe. Tagann fadhbanna bainistíochta tráchta as an leagan amach bóithre sin agus as na hacomhail ghaolmhara. Ba cheart bearta bainistíochta tráchta nó feabhsuithe tráchta a imscrúdú mar ábhar tosaíochta chun cabhrú leis an líon feithiclí a laghdú ar Bhóthar an Chairn Mhóir agus i gcroílár na Sráide Móire.

Mar aon le feidhmiú "na sráideanna/na mbóithre friothálacha" sin a fheabhsú le haghaidh gluaiseacht feithiclí, tá sé ríthábhachtach go bhfreastalófaí go hiomlán ar ghluaiseacht áisiúil shábháilte coisithe/rothaithe fosta. D'fhreastalódh sé sin ar an tithíocht ar imeall an bhaile ar shlí níos fearr, agus feabhas á chur ar an lár baile trí thaisteal sláintiúil inbhuanaithe a éascú chuig an lár baile agus uaidh araon.

Mar aon leis na moltaí atá léirithe ar an léarscáil in aice láimhe, moltar sa straitéis seo go ndéanfaí Measúnú Tráchta iomlán ar an lár baile a choimisiúnú agus a chur i gcrích chun réitigh shonracha ar na fadhbanna a mbítear ag teacht orthu a shuí ar bhealach níos fearr.

| Meántosaíocht | Meán-amscála | Meánchostas / Ardchostas |
| --- | --- | --- |

Bóithre CCDG, Athnuachan CCDG













*Léarscáil ina sainaithnítear na príomhbhealaí agus na bealaí tánaisteacha chuig an lár baile agus amach as agus na hidirghabhálacha a d'fhéadfaí a dhéanamh chun timpeallacht gluaiseachta níos fearr a chruthú.*

# Rannán C

## Straitéis cur chun feidhme

# Soláthar a chistiú agus a chumasú

Chun an Straitéis a sholáthar, beidh ar gach geallsealbhóir atá freagrach as a cur chun feidhme cur chuige solúbtha, comhordaithe agus tiomanta a ghlacadh. Teastóidh an cur chuige sin fud fad thréimhse feidhme na Straitéise. Beidh scála na dtograí forbartha aonair ar an phríomhthoisc taobh thiar de leibhéal na n-acmhainní a theastóidh chun iad a sholáthar, bíodh sé ag an earnáil phoiblí ina haonar, ag an earnáil phríobháideach ina haonar nó ag cineál éigin comhfhiontair.

Beidh sé tábhachtach na hacmhainní le haghaidh tograí áirithe a sholáthar a thabhairt le chéile go luath chun an Straitéis a dhúiseacht, rud lena soláthrófar tairbhí inbhraite sa ghearrthéarma agus lena gcruthófar muinín. Maidir le feabhas a chur ar na naisc fhisiciúla/na bealaí idir an Croílár Stairiúil agus Imeall an Uisce, le bealach roghnaithe cuí a éascú do shiúlán an Bhá agus le hé a dhearadh, le feabhsuithe ríochta poiblí ar an tSráid Mhór agus le comharthaíocht nua agus gnéithe nua ag na príomhthairseacha isteach sa bhaile, bheadh siad uile ina nithe a bhrúfadh athbheochan an bhaile amach anseo chun cinn.

I gcás gach ceann de thograí na Straitéise, beidh sé tábhachtach a chinntiú go mbeidh na sásraí riachtanacha uile, lena n-áirítear cistiú, freagrachtaí, comhordú agus comhar, i bhfeidhm chun soláthar tráthúil láidir a chinntiú. Bunriachtanas chun a lán comhpháirteanna den Straitéis seo a chinntiú a bheidh in idirghabháil na hearnála poiblí, go háirithe ceannaireacht ó Chomhairle Contae Dhún na nGall agus na rannóga éagsúla atá laistigh di.

Tá sé mar aidhm leis an Straitéis freagairt do na dúshláin atá os comhair an Chlocháin Léith. Áirítear leo sin an ríocht phoiblí ísealchaighdeáin, an easpa spásanna poiblí, na foirgnimh fholmha agus dhearóile feadh na Sráide Móire agus an dínasc fisiciúil idir an lár baile agus imeall an uisce. Aidhm eile atá léi is ea freagairt do roinnt mhaith de shaintréithe fisiciúla, comhshaoil agus nádúrtha an bhaile, lena n-áirítear a láthair mar thairseach chuig mórlimistéar na Rosann, a thimpeallacht tharraingteach cois farraige agus cois abhann, agus oidhreacht chultúrtha agus Ghaeltachta an bhaile.

Áirítear na nithe seo a leanas leis na foinsí/na huirlisí le haghaidh cistiú féideartha agus le haghaidh soláthair:

**A**

### An Earnáil Phoiblí agus an tÚdarás Áitiúil

Is uaillmhian í go bhféadfadh Comhairle Contae Dhún na nGall an cistiú Earnála Poiblí do thograí áirithe a éascú. Níl aon chinnteacht ann go dtarlódh sé sin sna cúinsí geilleagracha reatha, áfach. D'fhéadfadh go n-áireofaí le foinsí eile cistiúcháin Earnála Poiblí na deiseanna atá ar fáil faoin Chlár Infheistíochta um Fhorbairt Tuaithe atá á reáchtáil ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail mar chuid de Thionscadal Éireann 2040. Áirítear leo sin an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe, Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte, an clár LEADER, an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh, agus CLÁR.

**B**

### An Earnáil Phríobháideach agus an Earnáil Phobalbhunaithe

Táthar ag súil leis go n-imreoidh an earnáil phríobháideach agus an earnáil phobalbhunaithe ról mór sna cuspóirí athnuachana a chomhlíonadh, ós rud é go bhfuil cuid mhór den bhaile comhdhéanta de ghnólachtaí príobháideacha agus de thailte atá faoi úinéireacht phríobháideach. Is rud tábhachtach é go n-oibreodh an Chomhairle i ndlúthchomhar leis an earnáil phríobháideach agus leis an earnáil pobail chun soláthar comhordaithe a éascú agus, ar an bhealach sin, na dálaí a chruthú ina mbeidh an earnáil phríobháideach in ann rannchuidiú go muiníneach le hathnuachan an bhaile.

**C**

### Treoracha Forbartha

Sna himthosca sin inarb ann do láithreáin a dteastaíonn athnuachan ar leith uathu, d'fhéadfaí Treoracha Forbartha a úsáid mar shásra chun spriocanna athnuachana a bhaint amach trí eolas a dhéanamh d'fhorbróirí féideartha agus do pháirtithe leasmhara eile faoi na deiseanna atá ag gabháil leis na láithreáin.

**D**

### Uirlisí a dTacaíonn Sócmhainní Áitiúla leo

Is é atá i gceist leis an sásra féideartha soláthair seo ná comhfhiontar idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach/phobalbhunaithe. D'fhéadfadh sé a bheith ina chur chuige rathúil i leith athnuachan úsáide measctha a sholáthar, go háirithe ag roinnt de na tograí is casta de chuid na Straitéise

**E**

### An Chomhairle Oidhreachta

Ba cheart cistiú ón Chomhairle Oidhreachta a bhreithniú mar mhodh cistiúcháin. D'fhéadfaí é sin a fhiosrú go háirithe maidir le haon oibreacha beartaithe ar Fhoirgnimh Liostaithe/ghnéithe liostaithe laistigh den bhaile (cé nach ann ach do líon measartha beag díobh sin sa lonnaíocht).

Ar na foinsí eile cistiúcháin a d'fhéadfaí a fhiosrú tá an Scéim Spásanna Poiblí faoin Aer, an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh, Cistiú Chrannchur Náisiúnta na hÉireann, an tAonad um Chistiú Straitéiseach, Ciste na nDéanmhas Stairiúil agus an Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha, i measc foinsí eile.

# Foinsí cistiúcháin

| Foinse Fhéideartha Cistiúcháin | Cineálacha Tacaíochta | Nótaí |
|---|---|---|
| **An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe** | Caipiteal den chuid is mó (€500k ar a laghad) agus roinnt bheag ioncaim (trí bliana ar a mhéad) | Glao bliantúil. Tá €m ar fáil ach tá sé rí-iomaíoch agus éilíonn sé cistiú meaitseála agus tionscadail atá réidh le tógáil (e.g., tá cead pleanála i bhfeidhm). Tacaíonn an ciste le hathnuachan agus athbheochan tuaithe i mbailte ar lú a ndaonra ná 10,000 duine. |
| **An Clár Forbartha Náisiúnta** | Caipiteal den chuid is mó | Seasfaidh an Ciste Gníomhaithe ar son na hAeráide suas le 50% de chostais tionscadail a chomhlíonann cuspóirí aeráide agus fuinnimh na hÉireann. Tá sé ar oscailt do chomhlachtaí poiblí nach ranna iad, d'eagraíochtaí príobháideacha, don lucht léinn agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha. Osclaíodh an ciste sa bhliain 2021. Maidir le cistí eile, amhail an Deontas Build Digital agus an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha, tá siad dírithe ar chuibhreannais ilpháirtí agus ar thionscadail mhóra. Tá siad dúnta faoi láthair ach léiríonn siad scála agus raon feidhme an chistiúcháin. Is féidir go mbeidh fáil ar dheontais bheaga a bhaineann go díreach nó go hindíreach leis an athrú aeráide (e.g., tithe a iarfheistiú, pointí luchtaithe leictrigh agus tionscadail chomhshaoil/ éifeachtúlacht fuinnimh ar bheagscála). |
| **An Tithíocht** | Caipiteal den chuid is mó | Tá fáil ar éagsúlacht clár cúnaimh tithíochta (e.g., le haghaidh athchóirithe, oiriúnuithe, éifeachtúlacht fuinnimh, daoine scothaosta, etc.), gan scéimeanna dreasachta (e.g., cabhair le ceannach) a áireamh. Is féidir go n-athróidh siad sin le himeacht ama. |
| **An Turasóireacht agus Ócáidí** | Caipiteal | Is féidir le's an Scéim Spásanna Poiblí faoin Aer cistiú suas le 90% a thabhairt do thionscadail suas le €250,000. Ba cheart tionscadail a bheith solúbtha agus nuálach agus ba cheart úsáid ar fud na bliana a éascú leo. |
| **Clár Tacaíochta Covid-19 agus Fáilte Éireann** | Ioncam agus Caipiteal | Tá ag an Rialtas éagsúlacht scéimeanna tacaíochta Covid-19 (e.g., an Scéim Tacaíochta i leith Srianta Covid-19) ar féidir leo cabhrú le gnólachtaí.<br><br>Tá ag Fáilte Éireann scéim deontas mór ar féidir léi tacú le brandaí ceann scríbe (lena n-áirítear Slí an Atlantaigh Fhiáin) agus Ardáin le haghaidh Fáis (ciste €150m a bheidh ar siúl ón bhliain 2019 go dtí an bhliain 2022) agus deontais thréimhsiúla bheaga scéimeanna cánach agus tacaíocht do chomhpháirtíochtaí straitéiseacha a thiocfaidh chun cinn ó am go chéile. Tugann Fáilte Éireann taighde luachmhar agus léargais luachmhara fosta. |

A leanann ar aghaidh ar an chéad leathanach eile ...

... a leanann ar aghaidh ón leathanach roimhe.

| **Foinse Fhéideartha Cistiúcháin** | **Cineálacha Tacaíochta** | **Nótaí** |
|---|---|---|
| **GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Coimisiún Forbartha an Iarthair** | Caipiteal agus Ioncam | Is féidir le GFT Éireann tacú le hinfheistíocht dhíreach eachtrach ar bhonn cáis. Is féidir le Fiontraíocht Éireann raon deontas agus tacaíochta a sholáthar (e.g., Deontas Pleanála Airgeadais Gnó; an Ciste Fiontar Inbhuanaithe (deontais bheaga idir €25k agus €50k; agus deontais mhóra suas le €800k), Réidh leis an mBreatimeacht do Chustaiméirí, Scéimeanna Infheistíochta Caipitil, Miondíol ar Líne, agus an Dearbhán do Leanúnachas Gnólachtaí Barainneacha).<br><br>Is féidir le Coimisiún Forbartha an Iarthair cabhrú le tionscadail (e.g., moil a fhorbairt) mar chuid de thionscnamh Chonair Gheilleagrach an Atlantaigh dá chuid agus trí mhaoiniú cothromais agus iasachtaí a thabhairt. |
| **Tionól Réigiúnach an Iarthuaiscirt** | Caipiteal agus Ioncam (go hindíreach ar a laghad) | De bharr ár láithreach i limistéar na teorann, is féidir linn rochtain a fháil ar raon cistí Aontais Eorpaigh atá níos leithne ná mar atá ar fáil do chontaetha i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath. Is féidir fosta go n-osclófar cistí go díreach agus/nó go hindíreach leis an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach nua. |
| **Údarás na Gaeltachta** | Caipiteal agus Ioncam | Tá cineálacha éagsúla cúnaimh ar oscailt ag Údarás na Gaeltachta, lena n-áirítear deontais chun cabhrú le staidéir indéantachta, le taighde agus forbairt, le trádáil ar líne, le fostaíocht agus le trádáil caipitil. |
| **Trasteorann**<br><br>SEUPB<br>IdirThrádáil Éireann | Caipiteal agus Ioncam | De bharr láthair Dhún na nGall, is féidir leis rochtain a fháil ar dheiseanna cistiúcháin trasteorann amhail iad sin ó IdirThrádáil Éireann (e.g., cothromas, díolacháin, nuálaíocht, tacaíocht le honnmhairí) agus ó SEUPB (Comhlacht na gClár Speisialta AE).<br><br>Beidh an clár Peace Plus ó SEUPB ar siúl ón bhliain 2021 go dtí an bhliain 2027 agus beidh buiséad €1bn aige, a bheidh le cionroinnt ar shé théama. |

# Freagracht as soláthar

Beidh a bhfreagrachtaí féin ar na príomh-gheallsealbhóirí seo a leanas as cur chun feidhme, agus iad tiomanta go leanúnach do sholáthar a dhéanamh ar na hacmhainní a theastaíonn chun na tograí sa Straitéis a sholáthar:

## Comhairle Contae Dhún na nGall

Imreoidh Comhairle Contae Dhún na nGall ról lárnach sa Straitéis a chur chun feidhme agus a sholáthar. Beidh na foirne agus na rannóga laistigh den Chomhairle i gceannas ar ghnéithe áirithe den Straitéis de réir mar is gá agus nuair is gá. Áirítear leo sin Athnuachan agus Forbairt, Bóithre, Tithíocht, Seirbhísí Cultúrtha, Forbairt Pobail, Forbairt Gheilleagrach, agus an Rannóg Pleanála.

## Fáilte Éireann

Ag obair dó i gcomhar le Foireann Seirbhísí Cultúrtha (Turasóireachta) Chomhairle Contae Dhún na nGall, is féidir le Fáilte Éireann a chinntiú go gcuireann an Straitéis luach leis an gheilleagar áitiúil trí chabhrú leis an bhaile agus lena thimpeallacht nádúrtha a chur chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta

## An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

Is í an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail an Roinn Rialtais a bhfuil freagracht uirthi as tacaíocht a thabhairt don earnáil tuaithe ar fud na tíre agus, dá bhrí sin, imreoidh sí ról lárnach sa Straitéis seo a chur chun feidhme agus a sholáthar.

## Grúpaí Pobail

Ghlac Coiste Bailte Slachtmhara an Chlocháin Léith, Forbairt na Rosann, Líonra Pobail an Chlocháin Léith agus Coiste Fhéile Mary from Dungloe páirt ghníomhach i ngach céim d'ullmhú na Straitéise. Rannchuideoidh na grúpaí pobail go mór leis an Straitéis a chur chun feidhme agus a sholáthar.

## Forbróirí Príobháideacha, Úinéirí Gnó agus Úinéirí Talún

Imreoidh forbróirí príobháideacha, úinéirí gnó agus úinéirí talún ról tábhachtach sna tograí le haghaidh na bPríomhláithreán Deise sainaitheanta a sholáthar. Beidh sé mar aidhm ag na príomh-gheallsealbhóirí obair i ndlúthchomhar agus i gcomhordú leis na forbróirí príobháideacha leasmhara uile agus leis na húinéirí talún leasmhara uile chun a chinntiú go ndéanfar na tograí a chur chun feidhme agus a sholáthar ar dhóigh éifeachtach.

# Dul chun cinn a bhainistiú

## Clár tionscadal féideartha

Sainaithnítear sa Phlean Gníomhaíochta atá leagtha amach sa doiciméad seo na gníomhartha le haghaidh tograí na Straitéise a sholáthar agus amchlár le haghaidh a soláthair, rud a mhairfidh an chéad 20 bliain eile ar a laghad. Moltar faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar bhonn tráthrialta. Chun an Straitéis a sholáthar go rathúil, beidh cur chuige comhoibríoch idir na geallsealbhóirí uile ag teastáil. Maidir le roinnt láithreán deise, beifear in ann Buanna Tapa a ghnóthú astu, rud lena soláthrófar tairbhí inbhraite don bhaile sa ghearrthéarma. Is san fhadtéarma a dhéanfar forbairt ar láithreáin eile agus a sholáthrófar tograí eile de chuid na Straitéise.

Sainaithníodh na nithe seo a leanas mar ghníomhartha a bheidh insoláthartha sa ghearrthéarma agus arb é an toradh a bheidh orthu ná go méadófar muinín agus go rachfar i ngleic le laigí sainaitheanta an bhaile ar ball beag. Tríd is tríd, is é atá sna Buanna Tapa a luaitear sa Phlean Gníomhaíochta ná gníomhartha a mbeidh gearr-amscála féideartha acu (níos lú ná cúig bliana) agus a mbeidh ísealchostas tácsach acu (níos lú ná €1m). Tríd is tríd, is tionscadail iad atá lonnaithe ag láithreáin mar a bhfuil an úinéireacht measartha soiléir (úinéireacht phoiblí i bhformhór na gcásanna) agus is féidir leo gníomhartha níos fadtéarmaí ar fud an bhaile a bhrú chun cinn. Áirítear leo:

- Feabhas a chur ar na naisc fhisiciúla/na bealaí idir an Croílár Stairiúil agus Imeall an Uisce.
- Bealach atá roghnaithe agus cuí a shainaithint le haghaidh Siúlán an Bhá a fhadú, agus an lár baile agus an Linn a nascadh.
- Comharthaíocht agus gnéithe atá nua-aimseartha, fáilteach agus comhionann a fhorbairt ag na príomhthairseacha chuig an bhaile.
- Feabhas a chur ar an dóigh a bhfeidhmíonn an t-acomhal idir an tSráid Mhór agus Bóthar an Chairn Mhóir chun an plódú a mhaolú

## Faireachán agus meastóireacht

Bunófar sraith táscairí intomhaiste chun a dhéanamh amach cén dul chun cinn atá á dhéanamh ar thionscadail a chur chun feidhme. Tá sé mar aidhm leis sin a chinntiú go mbeifear in ann faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an Straitéis ar bhonn tráthrialta. Beidh an t-athrú tomhaiste le himeacht ama ina léiriú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar an fhís a bhaint amach go hiomlán, ina léiriú ar an dóigh a bhfuil cuspóirí sonracha á soláthar agus ina léiriú ar bheogacht agus inmharthanacht fhoriomlán an bhaile seo.

D'fhéadfadh go n-áireofaí leis na gnáthbhearta athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar an fhaisnéis iniúchóireachta atá le fáil sa tuarascáil sin – amhail comparáid a dhéanamh idir an líon foirgneamh folamh ó bhliain go bliain chun a chinntiú go mbíonn togra na Straitéise ag méadú an lín foirgneamh áitithe sa bhaile.

Chun léargas cothrom cuimsitheach a thabhairt, is gá go mbeidh measúnuithe cáilíochtúla ag comhlánú na mbeart staidrimh. D'fhéadfadh go n-áireofaí leo sin fóraim thráthrialta leis an phobal. Mar shampla, is féidir go léireofar sna staitisticí go bhfuil laghdú ann sa líon réadmhaoine folmha, cé go bhféadfadh go léireofaí i measúnú cáilíochtúil go bhfuil sócmhainn thábhachtach ina sócmhainn fholamh anois agus, mar sin de, téann an fhadhb in olcas. Is féidir go mbaileofar roinnt de na sonraí ar bhonn bliantúil, ar bhonn leathbhliantúil nó gach cúig bliana agus baileofar sonraí a bhaineann leis an Daonáireamh gach deich mbliana.

Ba cheart an t-athbhreithniú sin a úsáid chun a chinntiú go mbíonn go leor solúbthachta ag an Straitéis agus gur féidir léi dul in oiriúint d'athruithe sa chomhthéacs fisiciúil, sóisialta, geilleagrach agus comhshaoil, in ionad í a bheith ina doiciméad dolúbtha a rachaidh as dáta go tapa agus nach rachaidh chun sochair don phobal go mór.

## Úinéireacht talún

Ós rud é go bhfuil meascán de thalamh atá faoi úinéireacht phoiblí agus de thalamh atá faoi úinéireacht phríobháideach ann ar fud an láir baile, teastóidh ón straitéis roinnt sásraí difriúla soláthair a bheidh oiriúnach do riachtanais gach tionscadail agus do riachtanais a ngeallsealbhóirí faoi seach. Beidh rannpháirtíocht úinéirí talún agus teagmháil leanúnach le húinéirí talún agus icir úinéirí talún ina ngné thábhachtach de chur chun feidhme na Straitéise, go háirithe maidir leis na forbairtí príomhláithreáin deise atá beartaithe a sholáthar. I roinnt cásanna, beidh sé riachtanach athfhorbairt chomhuaineach a dhéanamh ar thalamh atá faoi níos mó ná úinéireacht talún amháin chun na tograí a dtacaíonn an máistirphlean seo leo a sholáthar. Ní mór a thabhairt faoi deara gur faoi úinéireachtaí príobháideacha éagsúla atá na Príomhláithreáin atá lonnaithe ar chúl an taoibh thiar den tSráid Mhór agus den tSráid Mhór Íochtarach agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh go mbeadh sé doiligh na tailte a chruinniú agus tabhairt faoi aon fhorbairt bheartaithe amach anseo. Leagtar amach sa tábla seo a leanas stádas úinéireachta talún na bpríomhláithreán agus na sásraí féideartha soláthair le haghaidh aon tograí forbartha amach anseo ar na tailte sin:

| **Príomhláithreán** | **Stádas úinéireachta agus sásra féideartha soláthair** |
|---|---|
| Limistéar Imeall an Uisce | Tá an chuid is mó den limistéar faoi rialú comhlachtaí poiblí éagsúla e.g., Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP). D'fhéadfadh na comhlachtaí poiblí éagsúla obair i gcomhpháirt chun athbheochan fhéideartha an láithreáin seo a chur i gcrích. |
| An taobh thuaidh den Abhainn | Tá na tailte faoi úinéireacht phríobháideach go hiomlán. D'fhéadfadh an t-úinéir príobháideach an fhorbairt a éascú nó d'fhéadfaí í a éascú i gcomhfhiontar leis an earnáil phoiblí. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as treoracha forbartha. |
| Ar chúl an taoibh thiar den tSráid Mhór Íochtarach | Tá na tailte faoi úinéireacht phríobháideach go hiomlán. D'fhéadfadh an t-úinéir príobháideach an fhorbairt a éascú nó d'fhéadfaí í a éascú i gcomhfhiontar leis an earnáil phoiblí. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as treoracha forbartha. |

Rinne Foireann Athbheochana agus Forbartha Chomhairle Contae Dhún na nGall coimisiúnú agus formhaoirseacht ar an Straitéis Athbheochana agus Plean Gníomhaíochta seo, agus è mar aidhm aici creat fianaisebhunaithe a sholáthar ina leagfar amach na huaillmhianta agus tosaíochtaí athbheochana do lár baile an Chlocháin Léith amach anseo. Cleachtas Ailtireachta, Tírdhreacha agus Pleanála a thug cabhair don Chomhairle leis an tionscadal seo agus leis an Straitéis agus Plean Gníomhaíochta a tháirgeadh is ea GM Design Associates.

Forbraíodh an Straitéis i gcomhairle le roinnt geallsealbhóirí tábhachtacha, a dtugtar aitheantas dóibh agus a ngabhtar buíochas leo. Baineadh fíorleas as ionchur agus rannpháirtíocht chomhaltaí tofa Cheantar Bardasach na nGleanntach, rannóga inmheánacha Chomhairle Contae Dhún na nGall, na n-údarás áitiúil, úinéirí talún, úinéirí gnó agus an phobail áitiúil, lenar áiríodh baill de Líonra Pobail an Chlocháin Léith, de Choiste Fhéile Mary from Dungloe, de Choiste Bailte Slachtmhara an Chlocháin Léith agus d'Fhorbairt na Rosann, a rinne ionadaíocht do raon leasanna reachtúla, pobail, gnó agus polaitiúla sa limistéar.

Tá sé mar aidhm leis an Straitéis athnuachan agus athbheochan fhiúntach fhadmharthanach a sholáthar laistigh den lár baile trí raon smaointe, gníomhartha agus tionscadal arb é an toradh a bheidh orthu, má chuirtear chun feidhme iad, ná go soláthrófar tairbhí geilleagracha agus sóisialta agus go gcabhrófar le todhchaí bheoga a chinntiú don Chlochán Liath mar bhaile ceann scríbe a bhfuil ómós áite ar leith aige. Is é an toradh a bheidh ar an Straitéis Athbheochana agus Plean Gníomhaíochta ná go mbunófar treochlár le haghaidh athchruthú, athshamhlú agus chomhfhorbairt áite an láir baile, rud a chabhróidh le ligean leis an acmhainneacht uathúil atá aige, lena n-áireofar an timpeallacht fhisiciúil ardchaighdeáin, an oidhreacht chultúrtha den scoth, agus a thimpeallacht cósta agus cois abhann.

TODHCHAÍ an Chlocháin Léith
Straitéis Athbheochana & Plean Gníomhaíochta
FUTURE Dungloe | A Regeneration Strategy & Action Plan

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

GM Design Associates